



An Bhruiséil, 8 Eanáir 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0003(NLE)**

**5050/20
ADD 1**

PECHE 3

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Eanáir 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 3 final - ANNEXES 1 - 2
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i dtaca le cur chun feidhme sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus a Phrótacal Cur Chun Feidhme (2020-2026) idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal a shíniú thar ceann an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 3 final - ANNEXES 1 - 2.

Faoi iamh: COM(2020) 3 final - ANNEXES 1 - 2



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.1.2020
COM(2020) 3 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

**Cinneadh ón gComhairle i dtaca le cur chun feidhme sealadach an Chomhaontaithe
Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus a Phrótacal Cur Chun
Feidhme (2020-2026) idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal a shíniú thar
ceann an Aontais**

IARSCRÍBHINN I
COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH INBHUANAITHE
idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,
agus

POBLACHT NA SÉISÉAL, dá ngairtear ‘na Séiséal’ anseo feasta,
dá ngairtear na ‘Páirtithe’ araon anseo feasta,

DE BHRÍ dlúthchomhar a bheith ann idir an tAontas agus na Séiséal, go háirithe i gcomhthéacs Chomhaontú Cotonou, agus gur mian leo araon an caidreamh sin a threisiú,

AG FÉACHAINT do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 (UNCLOS) agus don Chomhaontú maidir le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mórimirceach 1995,

ÓS FEASACH DÓIBH an tábhacht a bhaineann leis na prionsabail a bhunaítear leis an gCód Iompair maidir le hIascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) in 1995 agus leis an gComhaontú ar Bhearta Stát Calafóirt FAO chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe, Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú (NNN), agus AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU na bearta is gá a ghlacadh chun iad a chur chun feidhme,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU na rúin agus na moltaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) agus eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha eile a chur i bhfeidhm,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU oibriú i gcomhar, ar mhaithe lena leas frithpháirteach, chun iascaigh fhreagracha a bhunú agus a chur chun cinn d’fhonn caomhnú fadtéarmach agus saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara a áirithiú,

AR A BHEITH DEARFA nach mór don chomhar sin a bheith i bhfoirm tionscnamh agus beart, cibé a dhéanfar i gcomhpháirt nó ar leithligh iad, ar tionscnaimh agus bearta iad a bheidh comhlántach, agus lena n-áiritheofar beartais chomhsheasmhacha agus sineirge iarrachtaí,

LE hINTINN, chun na gcríoch sin, plé maidir le beartas earnála iascaigh na Séiséal a choinneáil ar bun agus na modhanna cuí a shainaithe lena n-áiritheofar go gcuirfean an beartas seo chun feidhme go héifeachtach agus go bhfuil oibreoirí eacnamaíocha agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach sa phróiseas,

ÓS MIAN LEO téarmaí agus coinníollacha a bhunú lena rialófar gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag soithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Séiséal agus tacaíocht an Aontais chun iascaireacht fhreagrach inbhuanaithe a fhorbairt sna huiscí sin,

ÓS MIAN LEO prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm maidir le gach soitheach iascaireachta eachtrach a oibríonn i limistéar iascaireachta na Séiséal a bhfuil na saintréithe céanna acu agus a dhíríonn ar na speicis chéanna leis na soithí sin a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus a Phrótacal cur chun feidhme,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU comhar eacnamaíoch níos dlúithe a shaothrú idir na Páirtithe sa tionscal iascaireachta agus sna gníomhaíochtaí gaolmhara a rannchuidíonn leis an nGeilleagar Gorm,

COMHAONTAÍONN SIAD MAR A LEANAS:

Airteagal 1 ***Raon feidhme***

Leis an gComhaontú seo bunaítear na prionsabail, na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialáítear:

- comhar eacnamaíoch, airgeadais, teicniúil agus eolaíoch san earnáil iascaigh d’fhonn an iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn i limistéar iascaireachta na Séiséal chun caomhnú agus saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh a ráthú, agus chun earnáil iascaigh na Séiséal a fhorbairt;
- na coinníollacha lena rialáítear an rochtain ag soithí iascaireachta an Aontais ar limistéar iascaireachta na Séiséal;
- comhar maidir leis na bearta bainistíochta, rialaithe agus faireachais i limistéar iascaireachta na Séiséal d’fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na coinníollacha thuas, gurb éifeachtach iad na bearta maidir le caomhnú agus saothrú inbhuanaithe stoc éisc agus maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a bhainistiú, agus go gcuirtear cosc leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte;
- comhpháirtíochtaí idir oibreoirí atá dírithe ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt san earnáil iascaigh agus gníomhaíochtaí gaolmhara, ar mhaithe leis an leas coiteann.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

- (a) Ciallaíonn “údaráis na Séiséal” an Aireacht atá freagrach as Iascaigh;
- (b) Ciallaíonn “údaráis an Aontais” an Coimisiún Eorpach;
- (c) Ciallaíonn “Comhaontú” an Comhaontú, an Prótacal agus an Iarscríbhinn agus na hAguisíní a ghabhann leis;
- (d) Ciallaíonn “Comhchoiste” coiste arb é a bheidh ann ionadaithe de chuid an Aontais agus de chuid na Séiséal a dtuairiscítear a bhfeidhmeanna in Airteagal 12 den Chomhaontú seo;
- (e) Ciallaíonn “limistéar iascaireachta na Séiséal” an chuid sin de na huiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse na Séiséal, i gcomhréir leis an Acht um Limistéir Muirí agus le dlíthe infheidhme eile de chuid na Séiséal, ina n-údaráíonn na Séiséil do shoithí de chuid an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta;
- (f) ciallaíonn “iascaigh inbhuanaithe” iascaireacht i gcomhréir leis na cuspóirí agus leis na prionsabail a chumhdaítear sa Chód Iompair maidir le hIascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe (FAO) in 1995;
- (g) ciallaíonn “gníomhaíocht iascaireachta” cuardach éisc, socrú, tarraingt, tarlú trealaimh iascaireachta, gabháil a thabhairt ar bord, éisc agus táirgí iascaigh a

thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú, a chur i gcaighean, a ramhrú agus a thabhairt i dtír;

- (h) ciallaíonn “soitheach de chuid an Aontais” soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas ar foluain aige agus atá cláraithe san Aontas;
- (i) ciallaíonn “soitheach iascaireachta” aon soitheach atá feistithe chun saothrú tráchtála a dhéanamh ar acmhainní bitheolaíocha na mara;
- (j) ciallaíonn “soitheach tacaíochta” aon soitheach de chuid an Aontais a thugann cúnamh do shoithí iascaireachta. Ní bheidh soithí tacaíochta feistithe chun iasc a ghabháil ná ní úsáidfear iad le haghaidh oibríochtaí trasloingsithe;
- (k) ciallaíonn “comhfhiontar” cuideachta tráchtála arna bunú sna Séiséil ag úinéirí soithí nó ag fiontair náisiúnta de chuid na bPáirtithe chun dul i mbun iascaireachta nó gníomhaíochtaí gaolmhara;
- (l) tá le “tabhairt i dtír” an bhrí chéanna atá leis i gComhthéacs IOTC;
- (m) tá le “trasloingsiú” an bhrí chéanna atá leis i gComhthéacs IOTC.

Airteagal 3

Prionsabail agus cuspóirí is bun le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo

1. Tugann na Páirtithe gealltanais leis seo an iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn i limistéar iascaireachta na Séiséil bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir na cabhlaigh éagsúla a bhíonn ag iascaireacht sa limistéar iascaireachta sin, gan dochar do na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir tíortha i mbéal forbartha laistigh de réigiún geografach, lena n-áirítear comhaontuithe iascaigh cómhalmartacha.
2. Tugann údarais na Séiséil gealltanais gan dálaí níos fabhraí ná na dálaí sin a thugtar faoin gComhaontú seo a thabhairt do chabhlaigh eachtracha eile a oibríonn i limistéar iascaireachta na Séiséil a bhfuil na saintréithe céanna acu agus a dhíríonn ar na speicis chéanna leis na cabhlaigh sin a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus a Phrótacal cur chun feidhme. Leis na coinníollacha seo tagraítear do chaomhnú agus do shaothrú inbhuanaithe, d’fhorbairt agus do bhainistiú acmhainní, do shocrúithe airgeadais, do tháill agus cearta a bhaineann le húdaruithe iascaireachta a eisiúint agus do bhearta teicniúla ábhartha. Tugann údarais na Séiséil gealltanais cion iomchuí de bharrachas acmhainní bitheolaíocha na mara a dheonú do chabhlach an Aontais nuair is ábhartha.
3. Ar mhaithe le trédhearcacht, tugann na Séiséil gealltanais go ndéanfaidh siad faisnéis a bhaineann le haon chomhaontú lena n-údaraítear do shoithí eachtracha oibriú ina limistéar iascaireachta agus oibriú san iarracht iascaireachta a bheidh mar thoradh air a phoibliú agus a mhalartú le chéile, go háirithe an líon údaruithe iascaireachta arna eisiúint agus an líon gabhálacha arna thuairisciú.
4. Comhaontaíonn na Páirtithe nach ndéanfaidh soithí an Aontais iascaireacht ach ar bharrachas na gabhála incheadaithe dá tagraítear in Airteagal 62(2) agus (3) de UNCLOS agus a bhunaítear, ar bhealach soiléir trédhearcach, ar bhonn na comhairle eolaíche ábhartha atá ar fáil agus ar bhonn na faisnéise ábhartha arna malartú idir na Páirtithe faoin iarracht iascaireachta iomlán a dhéanfaidh na cabhlaigh uile, a oibríonn sa limistéar iascaireachta, ar na stoic lena mbaineann.
5. Comhlíonfaidh na Páirtithe na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha bainistithe iascaigh agus go háirithe an

Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus measúnuithe eolaíocha réigiúnacha á gcur san áireamh.

6. Tugann na Páirtithe gealltanais an Comhaontú a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou a bhaineann le heilimintí fíor-riachtanacha maidir le cearta an duine, prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta, agus eilimintí bunúsacha maidir leis an dea-rialachas.
7. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn rannchuidiú le cur chun feidhme bheartas earnála iascaigh na Séiséal trí thacaíocht thiomnaithe a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo agus le forálacha ábhartha an Phrótacail agus chuige sin coinneoidh siad ar bun idirphlé beartais maidir leis na bearta is gá.
8. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar freisin chun meastóireachtaí *ex-ante*, leanúnacha agus *ex-post* a dhéanamh, i gcomhpháirt agus go haontaobhach, ar bhearta, ar chlár agus ar ghníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ar bhonn an Chomhaontaithe seo.
9. Tugann na Páirtithe gealltanais leis seo a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú seo chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus an dea-rialachais eacnamaíoch agus shóisialta.
10. Go háirithe, beidh fostaíocht mhairnéalaigh na Séiséal ar bord shoithí an Aontais faoi rialú ag Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, a mbeidh feidhm aige, de cheart, maidir leis na conarthaí comhfhreagracha agus na téarmaí ginearálta fostaíochta, agus maidir le Coinbhinsiún ábhartha EIS agus dlíthe na Séiséal. Baineann sé seo go háirithe leis an tsairse comhlachais agus leis an aitheantas éifeachtach don cheart chun cómhargála, agus le deireadh a chur le hidirdhealú i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha agus coinníollacha maireachtála agus oibre ar bord shoithí iascaireachta an Aontais.
11. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile sula nglacfaidh siad aon chinneadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais faoin gComhaontú seo.

Airteagal 4

Sonraí agus comhar eolaíoch

1. Spreagfaidh na Páirtithe comhar eolaíoch chun measúnú rialta a dhéanamh ar stádas na stoc éisc i limistéar iascaireachta na Séiséal i gcomhar le comhlachtaí eolaíochta réigiúnacha agus foréigiúnacha.
2. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, oibreoidh an tAontas agus na Séiséil i gcomhar chun faireachán a dhéanamh ar fhorás na n-acmhainní i limistéar iascaireachta na Séiséal agus tacóidh siad leis an obair mheasúnaithe a dhéanfaidh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC).
3. Bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste agus, i gcás inar gá agus trí chomhaontú frithpháirteach, glacfaidh siad bearta chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a áirithiú.
4. Tugann na Páirtithe gealltanais leis seo oibriú i gcomhar chun sonraí eolaíochta a fháil, a bhailíochtú, a anailísiú agus a tharchur i gcomhréir le ceanglais IOTC.

5. Tugann na Páirtithe gealltanais leis seo go rachaidh siad i gcomhairle le chéile, go díreach nó faoi chuimsiú an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), chun bainistiú agus caomhnú acmhainní bitheolaíoch na mara san Aigéan Indiach agus i limistéar iascaireachta na Séiséal a threisiú, agus go n-oibreoidh siad i gcomhar sa taighde eolaíoch ábhartha.

Airteagal 5
Clásal eisiaimh

1. Deonóidh na Séiséil deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta ina limistéar iascaireachta i gcomhréir leis an gComhaontú seo agus lena Phrótacal cur chun feidhme.
2. Ní fhéadfaidh soithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal a chumhdaítear leis an gComhaontú seo ach amháin má tá údarú iascaireachta acu (arna shainmhíniú mar “cheadúnas” de réir reachtaíocht na Séiséal) arna eisiúint faoin gComhaontú seo. Tá cosc ar gach gníomhaíocht iascaireachta nach gcumhdaítear leis an gComhaontú seo.
3. Is faoin gComhaontú seo go heisiach a eiseoidh údaráis na Séiséal údaruithe iascaireachta chuig soithí an Aontais.

Airteagal 6
Údarú iascaireachta

1. Is de réir mar a leagtar amach sa Phrótacal cur chun feidhme a bheidh an nós imeachta chun údarú iascaireachta a fháil do shoitheach de chuid an Aontais, do ghabháil thagartha an tsoithigh, na táillí is infheidhme agus an modh íocaíochta a bheidh le húsáid ag longúinéirí.
2. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar na coinníollacha agus na socruithe sin a chur chun feidhme go cuí trí chomhar riaracháin iomchuí idir a n-údaráis inniúla.

Airteagal 7
An dlí is infheidhme

1. Beidh na gníomhaíochtaí iascaireachta a rialaítear leis an gComhaontú seo faoi réir na ndlíthe agus na rialachán atá i bhfeidhm sna Séiséil, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú agus ina Phrótacal cur chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta. Tabharfaidh údaráis na Séiséal fógra d’údaráis an Aontais faoi aon leasú ábhartha ar na dlíthe agus ar na rialacháin sin.
2. Gan dochar do fhreagrachtaí Stát brataí shoithí an Aontais, gabhfaidh na Séiséil freagracht orthu féin na forálacha faireacháin, rialaithe agus faireachais iascaigh sa Phrótacal a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Oibreoidh soithí de chuid an Aontais i gcomhar le húdaráis na Séiséal atá freagrach as faireachán, as rialú agus as faireachas den sórt sin a dhéanamh.
3. Gabhann an tAontas air féin leis seo go ndéanfar gach beart is féidir agus is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh a shoithí an Comhaontú seo agus dlíthe na Séiséal lena rialaítear na gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal.
4. Tabharfaidh údaráis an Aontais fógra gan mhoill d’údaráis na Séiséal faoi aon athrú ar reachtaíocht an Aontais a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar gníomhaíochtaí shoithí an Aontais faoin gComhaontú seo.

Airteagal 8
Ranníocaíocht airgeadais

1. Íocfaidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais leis na Séiséal i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha mar a leagtar síos sa Phrótacal iad. Beidh dhá eilimint ghaolmhara sa ranníocaíocht sin, eadhon:
 - (a) Rochtain ar limistéar iascaireachta agus ar acmhainní iascaigh na Séiséal, gan dochar do na costais rochtana a íocfaidh na longúinéirí; agus
 - (b) Tacaíocht airgeadais an Aontais chun beartas iascaireachta freagrach agus saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh in uiscí na Séiséal a threisiú.
2. I dtaca le gné na ranníocaíochta airgeadais le haghaidh na tacaíochta earnála dá dtagraítear i mír 1(b) beidh sí neamhspleách ar na híocaíochtaí maidir le costais rochtana agus déanfar í a chinneadh agus a bhainistiú i bhfianaise na gcuspóirí arna sainaitheint de chomhthoilíú idir na Páirtithe i gcomhréir leis an bPrótacal, ar cuspóirí iad atá le baint amach i gcomhthéacs bheartas earnála iascaigh na Séiséal agus an chláir bhliantúil agus ilbhliantúil lena chur chun feidhme.
3. Is i gcomhréir leis an bPrótacal agus faoi réir an Chomhaontaithe seo a dhéanfar an ranníocaíocht airgeadais arna deonú ag an Aontas a íoc gach bliain.
 - (a) Féadfaidh an Comhchoiste méid na ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 1(a) a athbhreithniú i leith:
 - (1) imthosca eisceachtúla, seachas feiniméin nádúrtha, lena gcuirtear cosc le gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal;
 - (2) laghdú ar na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais, arna dhéanamh trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe, chun na stoic lena mbaineann a bhainistiú, i gcás ina meastar gur gá sin chun acmhainní a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil;
 - (3) méadú ar na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais, arna dhéanamh trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe, i gcás ina ndeimhnítear leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil gur féidir sin le staid na n-acmhainní.
 - (b) Féadfar méid na ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 1(b) a athbhreithniú mar thoradh ar athmheasúnú ar théarmaí na ranníocaíochta airgeadais chun beartas earnála iascaigh na Séiséal a chur chun feidhme, i gcás ina bhfuil údar maith leis sin de réir thorthaí sonracha an chlársceidealaithe bhliantúil agus ilbhliantúil arna leanúint ag an dá Pháirtí;
 - (c) Féadfar an ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fionraí mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 16 nó 17 den Chomhaontú seo.

Airteagal 9
Comhar réigiúnach

Féachann na Páirtithe leis seo dul i gcomhairle le chéile go rialta faoi chuimsiú IOTC agus eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha eile ina bhfuil siad ina gcomhaltaí, chun cinntí faoi seach a phlé agus, i gcás inar féidir, a chomhordú, lena n-áirítear an fhéidearthacht tograí comhpháirteacha a chur faoi bhráid na n-eagraíochtaí sin.

Airteagal 10
Comhar a chur chun cinn

1. Spreagfaidh na Páirtithe comhar eacnamaíoch, tráchtála, eolaíoch agus teicniúil san earnáil iascaigh agus in earnálacha gaolmhara. Rachaidh siad i gcomhairle le chéile d'fhonn na bearta éagsúla a d'fhéadfaí a dhéanamh chuige sin a chomhordú.
2. Spreagfaidh na Páirtithe malartuithe faisnéise maidir le teicnící agus trealamh iascaireachta, modhanna caomhnaithe agus próiseáil thionsclaíoch táirgí iascaigh.
3. Féachfaidh na Páirtithe le coinníollacha a chruthú atá fabhrach leis an gcaidreamh idir fiontair ó na Páirtithe a chur chun cinn sna réimsí teicniúla, eacnamaíocha agus tráchtála, trí spreagadh a thabhairt i dtaobh timpeallacht a chothú atá fabhrach le gnó agus infheistíochtaí a fhorbairt.
4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do ghabhálacha ó shoithí de chuid an Aontais a oibríonn i limistéar iascaireachta na Séiséal a thabhairt i dtír. Féachfaidh soithí an Aontais leis na soláthairtí agus na seirbhísí uile a theastaíonn dá n-oibríochtaí a fháil sna Séiséil.
5. Spreagfaidh na Páirtithe, go háirithe, comhfhiontair a bhunú ar mhaithe lena leas frithpháirteach. Trí chomhfhiontair a chruthú sna Séiséil agus trí shoithí de chuid an Aontais a aistriú chuig comhfhiontair, comhlíonfaidh siad go córasach reachtaíocht na Séiséal agus an Aontais.
6. Spreagfaidh na Páirtithe fothú acmhainneachta an duine agus institiúidí san earnáil iascaigh, chun feabhas a chur ar fhorbairt scileanna agus ar inniúlachtaí oiliúna chun go gcuirfead le gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe sna Séiséil agus chun go bhforbrófar an geilleagar gorm.

Airteagal 11
Comhar i réimse an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais agus sa chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN)

1. Tugann na Páirtithe gealltanais go n-oibreoidh siad i gcomhar sa chomhrac i gcoinne gníomhaíochtaí iascaireachta NNN d'fhonn iascaireacht fhreagrach inbhuanaithe a chur chun feidhme.
2. Bunaithe ar chomhairliúchán laistigh den Chomhchoiste, féadfaidh na Páirtithe comhaontú go n-oibreoidh siad i gcomhar agus go ndéanfaidh siad clár chomhchigireachta rioscabhunaithe ar shoithí an Aontais, chun cur i bhfeidhm fhorálacha faireacháin, rialaithe agus faireachais iascaigh an Phrótacail a neartú agus chun na bearta ceartaitheacha gaolmhara a neartú freisin.

Airteagal 12
Comhchoiste

1. Bunófar Comhchoiste a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ó na Séiséil, chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
2. Feidhmeoidh an Comhchoiste na feidhmeanna seo a leanas agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé cinntí d'fhonn:
 - (a) faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chomhaontaithe agus an Phrótacail agus chun iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an sainmhíniú ar an gclársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil dá dtagraítear in

- Airteagal 8(2) den Chomhaontú seo agus an mheastóireacht ar a chur chun feidhme;
- (b) an t-idirchaidreamh is gá a sholáthar maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh a bhaineann le hiascaigh, lena n-áirítear anailís staidrimh ar shonraí maidir le gabhálacha;
 - (c) gníomhú mar fhóram chun teacht ar réiteach cairdiúil ar dhíospóidí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe;
 - (d) aon fheidhm eile a fheidhmiú a fhéadfaidh na Páirtithe a chinneadh de chomhthoilíú.
3. Ina theannta sin, féadfaidh an Comhchoiste modhnuithe ar an bPrótacal a ghlacadh go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) athbhreithniú ar dheiseanna iascaireachta i gcás inar gá agus, dá bhrí sin, ar na ranníocaíochtaí airgeadais ábhartha;
 - (b) na nósanna imeachta tacaíochta earnála;
 - (c) na coinníollacha agus na módúlachtaí faoina dtéann soithí an Aontais i mbun a ngníomhaíochtaí iascaireachta.
 4. Feidhmeoidh an Comhchoiste a fheidhmeanna i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe seo.
 5. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad, san Aontas agus sna Séiséal gach re seal, agus is é an Páirtí a bheidh ag óstáil an chruinnithe an Páirtí a dhéanfaidh cathaoirleacht air. Tionólfaidh sé cruinniú urghnách ar iarraidh ó cheachtar Páirtí.
 6. Féadfaidh an Comhchoiste cinntí a dhéanamh bunaithe ar mhalartú litreacha, i gcás práinne.

Airteagal 13

Limistéar geografach a bhfuil feidhm ag an gComhaontú maidir leis

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 2007 maidir leo, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh sin agus, ar an taobh eile, maidir le críoch na Séiséal.

Airteagal 14

Fad

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo ar feadh sé bliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm go sealadach; is féidir é a athnuachan go hintuigthe ar feadh tréimhsí breise sé bliana, mura dtugtar fógra foirceanta i gcomhréir le hAirteagal 17.

Airteagal 15

Cur i bhfeidhm sealadach

Beidh feidhm ag an gComhaontú go sealadach amhail ón dáta a shíneoidh na Páirtithe é.

Airteagal 16
Cur ar fionraí

1. Féadfar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí ar thionscnamh ceachtar Páirtí faoi cheann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:
 - (a) i gcás ina n-eascraíonn cásanna, seachas feiniméin nádúrtha, atá lasmuigh de rialú réasúnach na bPáirtithe agus ar cásanna iad lena gcuirfear cosc le hiascaireacht i limistéar iascaireachta na Séiséal;
 - (b) i gcás ina dtarlaíonn díospóid thromchúiseach nach bhfuil réitithe idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo;
 - (c) i gcás ina bhfaighidh ceann de na Páirtithe amach gur sáraíodh prionsabail fhíor-riachtanacha bhunúsacha chearta an duine mar a leagtar amach iad in Airteagal 9 de Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 8 agus 96 de.
2. Tabharfaidh aon Pháirtí fógra i scríbhinn do Pháirtí eile faoi chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a bheith curtha ar fionraí agus tiocfaidh sé i bhfeidhm trí mhí tar éis an fógra sin a fháil. Nuair a gheofar an fógra sin, cuirfear tús le comhairliúcháin idir na Páirtithe sa Chomhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar an díospóid laistigh de thréimhse réasúnach.
3. A luaithe a thioctar ar shocrú den sórt sin, athchromfar ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8 a laghdú, mura gcomhaontófar a mhalairt, go comhréireach agus *pro rata temporis* de réir na tréimhse ina raibh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar fionraí.

Airteagal 17
Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh i gcás:
 - (a) ina n-eascraíonn cásanna, seachas feiniméin nádúrtha, atá lasmuigh de rialú réasúnach na bPáirtithe agus ar cásanna iad lena gcuirfear cosc le hiascaireacht i limistéar iascaireachta na Séiséal;
 - (b) ídiú nó díghrádú na stoc lena mbaineann ar bhonn na comhairle eolaíche neamhspleáiche iontaofa is fearr atá ar fáil agus atá formhuinithe ag an dá pháirtí;
 - (c) laghdú suntasach ar a mhéid a thapaítear na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais;
 - (d) sárú tromchúiseach ar na gealltanais arna ndéanamh ag na Páirtithe maidir leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialálte a chomhrac;
 - (e) aon imthoisc eile arb éard atá inti sárú ar an gComhaontú ag ceachtar Páirtí.
2. Tabharfaidh aon Pháirtí fógra i scríbhinn don Pháirtí eile faoi fhoirceannadh an Chomhaontaithe agus tiocfaidh sé i bhfeidhm sé mhí tar éis an fógra a fháil, mura gcinneann na Páirtithe de chomhthoilíú síneadh a chur leis an tréimhse sin. Is trí bhíthin an Chomhchoiste a rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin tar éis an fhógra fhoirceanta sin d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar a ndíospóid laistigh de thréimhse réasúnach.

3. I gcás foirceanta, laghdófar go comhréireach agus *pro rata temporis* íocaíocht mhéid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8 le haghaidh na bliana a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm.

Airteagal 18

Aisghairm

Aisghairtear leis seo an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Séiséal, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2007.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an comhaontú seo i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá curtha i gcrích acu chun na críche sin.

Airteagal 20

Téacs barántúil

Tarraingeofar suas an Comhaontú seo i ndúblach sna teangacha seo a leanas: an Bhulgáiris, an tSeicis, an Chróitis, an Eastóinis, an Danmhairgis, an Ollainnis, Béarla, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Ungáiris, an Iodáilis, an Ghaeilge, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis agus an tSualainnis agus comhúdarás ag gach téacs díobh.

IARSCRÍBHINN II
PRÓTACAL AR CHUR CHUN FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE
COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE hIASCAIGH INBHUANAITHE IDIR AN
tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA SÉISÉAL (2020-2026)

Airteagal 1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Phrótacal seo forálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal a chur chun feidhme. Áirítear Iarscríbhinn agus Aguisíní sa Phrótacal seo.

Airteagal 2

Tréimhse feidhme agus deiseanna iascaireachta

1. Ar feadh tréimhse 6 bliana ón dáta a thiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm go sealadach, is iad seo a leanas na deiseanna iascaireachta a dheonófar faoi Airteagal 5 den Chomhaontú:
 - (a) 40 soitheach peaslín saighne tuinníní;
 - (b) 8 mbád spiléireachta ar fuaidreamh;
 - (c) Údarófar soithí tacaíochta faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn agus i gcomhréir le rúin ábhartha an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC).
2. Ní bhainfidh na deiseanna iascaireachta ach le speicis mhórimirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, seachas:
 - siorcanna a bhaineann leis na finte *Alopiidae* agus *Sphyrnidae*;
 - speiceas siorcanna *Cetorhinus maximus*, *Rhincodon typus*, *Carcharodon carcharias*, *Carcharhinus falciformis* agus *Carcharhinus longimarus*;
 - agus aon speiceas eile atá cosanta nó toirmiscthe faoi dhlíthe na Séiséal, faoi chreat IOTC nó faoi comhaontuithe idirnáisiúnta eile.
3. Beidh feidhm ag mír 1 faoi réir Airteagail 6 agus 7 den Phrótacal seo.
4. De bhun Airteagal 5 den Chomhaontú, ní fhéadfaidh soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas ar foluain acu dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal ach amháin má tá údarú iascaireachta acu arna eisiúint faoin bPrótacal seo i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Airteagal 3

Ranníocaíocht airgeadais

1. Ar feadh fhad iomlán an Phrótacail, is ionann luach iomlán measta an Phrótacail agus EUR 58 200 000, arb ionann é agus EUR 9 700 000 in aghaidh na bliana. Is é seo a leanas an miondealú ar an méid foriomlán sin:
 - EUR 31 800 000, méid a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú;
 - EUR 26 400 000, méid a chomhfhreagraíonn do luach measta na dtáillí arna n-íoc ag na longúinéirí, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí, táillí in aghaidh an tona éisc a

ghabhtar agus ranníocaíocht shonrach atá tiomnaithe do bhainistiú comhshaoil agus breathnóireacht ar éiceachórais mhuirí in uisce na Séiséal.

2. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais bhliantúil iomlán a íocfaidh an tAontas Eorpach:
 - (a) méid bliantúil EUR 2 500 000 le haghaidh rochtain ar limistéar iascaireachta na Séiséal, arb ionann é agus tonnáiste tagartha 50 000 tona in aghaidh na bliana, agus
 - (b) suim shonrach EUR 2 800 000 in aghaidh na bliana chun tacú le beartas earnála iascaigh agus beartas muirí na Séiséal agus chun iad a chur chun feidhme.
3. Beidh feidhm ag mír 2 faoi réir Airteagail 4, 6, 7 agus 8 den Phrótacal seo.
4. Íocfaidh an tAontas na méideanna iomlána a shocraítear i mír 2(a) agus i mír 2(b) den Airteagal seo gach bliain le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail seo. I dtaca leis an méid dá dtagraítear i mír 2(a) den Airteagal seo maidir le rochtain, déanfar na híocaíochtaí tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dháta tosaigh an chur i bhfeidhm shealadaigh, agus tráth nach déanaí ná dáta comórtha an Phrótacail seo le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin. I dtaca leis an méid dá dtagraítear i mír 2(b) maidir le tacaíocht earnála, déanfar na híocaíochtaí le haghaidh na chéad bhliana tar éis don Chomhchoiste an clársceidealú ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a fhormheas; amhail ón dara bliain, beidh na híocaíochtaí ag brath ar na torthaí a baineadh amach faoi chlár na bliana roimhe sin, dá dtagraítear in Airteagal 4(2).
5. Déanfaidh na Páirtithe faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais i ndáil leis an tonnáiste tagartha 50 000 tona in aghaidh na bliana.
 - (a) Má sháraítear an tonnáiste tagartha bliantúil a shonraítear i mír 2(a) le tonnáiste bliantúil ghabhálacha shoithí an Aontais i limistéar iascaireachta na Séiséal, cuirfear méadú EUR 50 in aghaidh gach tona breise a ghabhtar le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais a bheidh le híoc ag an Aontas.
 - (b) An méid bliantúil iomlán a bheidh le híoc ag an Aontas, ní bheidh sé níos mó ná dhá oiread an mhéid a shonraítear i mír 2(a). I gcás inar mó de dhá oiread an tonnáiste arna ghabháil ag soithí an Aontais ná an tonnáiste a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán na híocaíochta bliantúla ón Aontas, is ar an mbliain dár gcionn a íocfar an méid atá dlite in aghaidh an tonnáiste a bheidh os cionn na teorann sin.
6. Beidh lánrogha ag na Séiséil maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear an ranníocaíocht airgeadais a shonraítear i mír 2(a).
7. Déanfar na ranníocaíochtaí airgeadais a shonraítear i mír 2(a) agus i mír 2(b) a íoc isteach i gcuntais Státchiste na Séiséal arna n-oscailt le Banc Ceannais na Séiséal. Soláthróidh údaráis na Séiséal uimhreacha na gcuntas agus deimhneoidh siad iad ar bhonn bliantúil.

Airteagal 4 **Tacaíocht earnála**

1. Tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, comhaontóidh an tAontas agus na Séiséil, laistigh den Chomhchoiste dá bhforáiltear sa Chomhaontú, ar chlársceidealú earnála ilbhliantúil agus ar rialacha cur chun feidhme mionsonraithe lena gcumhdaítear, go háirithe:

- (a) cláir bhliantúla agus ilbhliantúla chun méid sonracha na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2(b) a úsáid;
 - (b) na cuspóirí, idir chuspóirí bliantúla agus chuspóirí ilbhliantúla, atá le baint amach d'fhonn an iascaireacht fhreagrach agus iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt, bunaithe ar réimsí tosaíochta gníomhaíochtaí lena léireofar tosaíochtaí bheartas iascaigh náisiúnta na Séiséal, agus beartais ghaolmhara eile a bhfuil tionchar acu ar na réimsí seo a leanas:
 - (i) bearta tacaíochta agus bainistíochta le haghaidh iascaigh, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú ar mhionscála;
 - (ii) bainistiú sláintíochta agus cáilíochta san earnáil iascaigh agus chun tacú le hinniúlachtaí intíre agus onnmhairiúcháin freisin;
 - (iii) faireachán, rialú agus faireachas ar iascaigh agus an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN);
 - (iv) an inniúlacht eolaíoch agus an comhar i réimse na n-iascach a chur chun cinn, lena n-áirítear sonraí ar ghabhálacha a bhailiú, a phróiseáil, a anailísiú agus a chur in iúl;
 - (v) tacú le gníomhaíochtaí bonneagair agus gníomhaíochtaí ábhartha eile chun iascaigh intíre a fhorbairt;
 - (c) Ina theannta sin, beidh na nithe seo a leanas sa chlár earnála ilbhliantúil:
 - (i) sásraí chun na gnéithe agus na gníomhaíochtaí airgeadais a phleanáil, a bhainistiú, a chur chun feidhme agus a thuairisciú;
 - (ii) critéir agus nósanna imeachta chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear gach bliain;
 - (iii) sásraí agus gníomhaíochtaí chun na bearta arna gcur chun feidhme trí bhíthin na tacaíochta earnála a chur chun cinn agus infheictheacht na mbeart sin a mhéadú.
 - (d) Beidh na nithe thuasluaite faoi réir Treoirlínte maidir le Cur Chun Feidhme na Tacaíochta Earnála le haghaidh bheartas Iascaigh na Séiséal, beartas atá le comhaontú ag na Páirtithe le linn an chéad chruinnithe de chuid an Chomhchoiste.
2. Is ar bhailíochtú an chláir bhliantúil agus ilbhliantúil ag an gComhchoiste agus ar mheastóireacht na dtorthaí a fhaightear i ngach clár bliantúil a bhunófar úsáid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2(b).
 3. Formheasfaidh an dá Pháirtí laistigh den Chomhchoiste aon leasú atá beartaithe ar an gclár earnála bliantúil agus ilbhliantúil.
 4. Má iarrann ceachtar Páirtí cruinniú urghnách den Chomhchoiste, seolfaidh an Páirtí iarraidh i scríbhinn ina n-iarrfar cruinniú urghnách den Chomhchoiste 14 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe atá beartaithe. Féadfaidh an Comhchoiste aon athrú práinneach ar an gclár earnála bliantúil a fhaomhadh trí mhalartú litreacha.
 5. Gach bliain, féadfaidh na Séiséil méid breise a leithdháileadh, más gá, ar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2(b) d'fhonn an clár ilbhliantúil a chur chun feidhme. Cuirfear an leithdháileadh sin in iúl don Aontas Eorpach.
 6. Gach bliain, cuirfidh na Séiséil i láthair tuarascáil bhliantúil ar na gníomhaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm agus ar na torthaí a baineadh amach le tacaíocht earnála, tuarascáil a ndéanfaidh an Comhchoiste scrúdú uirthi. Roimh dhul in éag don Phrótacal seo tuairisceoidh na Séiséil faoi chur chun feidhme na tacaíochta earnála le linn ré an Phrótacail seo.

7. Déanfar méid sonrach na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2(b) a íoc i dtráthchodanna ar bhonn measúnú a dhéanfaidh an Comhchoiste. I gcás na chéad bhliana den Phrótacal, íocfar an tráthchuid ar bhonn an chláir chomhaontaithe. I gcás na mblianta ina dhiaidh sin, íocfar na tráthchodanna ar bhonn na dtorthaí a bhainfear amach i gcomhréir leis na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1(d) agus i gcomhréir leis an meastóireacht a dhéanfaidh an Comhchoiste.
8. Forchoimeádan an tAontas an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh, i bpáirt nó go hiomlán, ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 3 mír (2)(b) den Phrótacal seo nó chun an íocaíocht sin a chur ar fionraí, i bpáirt nó go hiomlán, má tá an forghníomhú ar neamhréir leis an gclár, tar éis meastóireacht a dhéanfaidh an Comhchoiste nó i gcás nach gcuirtear an ranníocaíocht airgeadais sin chun feidhme faoi mar a chinnfidh an Comhchoiste.
9. Atosófar ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais a thabhairt tar éis an chomhairliúcháin idir na Páirtithe agus tar éis don Chomhchoiste é a chomhaontú nuair a bheidh údar maith leis ar bhonn thorthaí chur chun feidhme an chláir chomhaontaithe dá dtagraítear i mír 1. Mar sin féin, ní íocfar amach an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 3 mír 2(b) tar éis tréimhse sé mhí ar dhul in éag don Phrótacal seo.
10. Tugann na Páirtithe gealltanais a áirithiú go gcuirfear chun cinn na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme trí bhíthin na tacaíochta earnála agus go méadófar infheictheacht na ngníomhaíochtaí sin.

Airteagal 5

Comhar eolaíoch maidir leis an iascaireacht fhreagrach

1. Tugann na Páirtithe gealltanais leis seo an iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn i limistéar iascaireachta na Séiséal bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir na cabhlaigh éagsúla a bheidh i mbun iascaireachta sna huiscí sin.
2. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, féachfaidh an tAontas agus na Séiséil le faireachán a dhéanamh ar staid na n-acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta na Séiséal.
3. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis ábhartha staidrimh, bhitheolaíoch, chaomhnúcháin agus chomhshaoil a mhalartú le chéile freisin de réir mar a cheanglófar chun acmhainní bitheolaíoch na mara a bhainistiú agus a chaomhnú.
4. Comhlíonfaidh na Páirtithe na rúin agus féachfaidh siad le moltaí IOTC maidir le caomhnú agus bainistiú freagrach iascaigh a chur chun feidhme. Chun comhlíonadh den sórt sin a éascú, ba cheart don dá Pháirtí díriú ar shonraí gabhála a bhailiú, a phróiseáil, a anailísiú agus a chur in iúl.
5. Bunaithe ar na rúin agus ar na moltaí arna ndéanamh laistigh de IOTC agus ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, féadfaidh na Páirtithe dul i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun teacht ar chomhaontú maidir le bearta breise lena n-áiríteofar bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh na Séiséal.

Airteagal 6

Coigeartú ar dheiseanna iascaireachta agus athbhreithniú ar an bPrótacal

1. Amhail dá bhforáiltear leis an gComhaontú, féadfaidh an Comhchoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus féadfar iad a

choigeartú trí chomhaontú frithpháirteach sa Chomhchoiste a mhéid a dheimhnítear leis na rúin agus leis na moltaí ó IOTC go ndaingneofar le coigeartú den sórt sin bainistiú inbhuanaithe tuinníní agus speiceas atá cosúil le tuinníní san Aigéan Indiach.

2. Sa chás sin, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2(a) a choigeartú go comhréireach agus *pro rata temporis*. Mar sin féin, an méid bliantúil iomlán atá le híoc ag an Aontas, ní bheidh sé níos mó ná dhá oiread an mhéid a shonraítear in Airteagal 3, mír 2(a).
3. Féadfaidh an Comhchoiste freisin, de réir mar is gá, forálacha maidir le saothrú gníomhaíochtaí iascaigh, nósanna imeachta tacaíochta earnála agus rialacha cur chun feidhme an Phrótacail seo a athbhreithniú trí chomhaontú frithpháirteach.

Airteagal 7

Iascaigh thaiscéalaíochta agus deiseanna iascaireachta nua

1. Ar iarratas ó cheann de na Páirtithe, féadfaidh an Comhchoiste dearcadh an bhféadfaí feachtais iascaireachta taiscéalaíche a bheith ann i limistéar iascaireachta na Séiséal d'fhonn tástáil a dhéanamh ar fhéidearthacht theicniúil agus ar inmharthanacht eacnamaíoch na n-iascach nua nach ndéantar foráil maidir leo in Airteagal 2 den Phrótacal seo. Chuige sin, déanfaidh an Comhchoiste na speicis, na coinníollacha agus aon pharaiméadar ábhartha eile a chinneadh, ar bhonn cás ar chás. Déanfar na húdaruíthe le haghaidh iascaireacht thaiscéalaíoch a chomhaontú ar feadh uastréimhse 6 mhí agus féadfar iad a athnuachan le comhaontú an dá Pháirtí.
2. Agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh agus ar bhonn thorthaí na bhfeachtas taiscéalaíoch, má chuireann an tAontas spéis i ndeiseanna iascaireachta nua, tionólfar an Comhchoiste chun na coinníollacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta nua den sórt sin a phlé agus a fhorordú.
3. Tar éis údarú ó na Séiséil le haghaidh na ngníomhaíochtaí iascaireachta nua sin, déanfaidh an Comhchoiste leasuithe comhfhreagracha ar an bPrótacal seo.

Airteagal 8

Íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais a chur ar fionraí agus a athbhreithniú

D'ainneoin na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 12 den Phrótacal seo, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2(a) agus (b) a athbhreithniú nó a chur ar fionraí tar éis an chomhairliúcháin idir an dá Pháirtí ar choinníoll go mbeidh íochta ina iomláine ag an Aontas aon mhéid a bheidh dlite tráth an fhionraí:

- (a) má chuirtear cosc, de bharr imthosca eisceachtúla, seachas feiniméin nádúrtha, le gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal;
- (b) tar éis athruithe suntasacha ar bheartas aon cheann de na Páirtithe a dhéanann difear d'fhorálacha ábhartha an Phrótacail seo;
- (c) má fhaigheann an tAontas amach gur sáraíodh gnéithe fíor-riachtanacha agus bunúsacha de chearta an duine mar a leagtar amach le hAirteagal 9 de Chomhaontú Cottonou agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 8 agus 96 de. Sa chás sin, cuirfear gníomhaíochtaí iascaireachta uile shoithí an Aontais ar fionraí.

Airteagal 9
Rúndacht

1. Tugann na Páirtithe gealltanais a áirithiú gur i gcomhréir le prionsabail rúndachta agus cosanta sonraí faoi dhlí is infheidhme na bPáirtithe faoi seach a phróiseálfar na sonraí ainmniúla uile a bhaineann le soithí iascaireachta an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta a fhaightear faoin gComhaontú agus faoin bPrótacal, lena n-áirítear sonraí arna mbailiú ag breathnóirí.
2. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfear ar fáil san fhearann poiblí ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal.
3. Ní bhainfear úsáid as sonraí a fhéadfar a mheas a bheith rúnda ar chúiseanna eile ach amháin chun an Comhaontú a chur chun feidhme agus chun bainistiú, faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascaigh leis na húdaráis inniúla ábhartha.
4. Maidir leis na sonraí pearsanta arna dtarchur ag an Aontas, féadfaidh an Comhchoiste cosaintí agus leigheasanna dlí iomchuí a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679 an 27 Aibreán 2016).

Airteagal 10
Malartuithe leictreonacha

1. Tabharfaidh na Séiséil agus an tAontas gealltanais na córais is gá a chur chun feidhme chun gach faisnéis agus doiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a mhalartú go leictreonach. Measfar ag aon tráth an fhoirm leictreonach de dhoiciméad a bheith coibhéiseach leis an mbunleagan.
2. Tabharfaidh na Páirtithe fógra láithreach don Pháirtí eile faoi aon bhriseadh i gcóras ríomhaireachta lena gcuirtear bac ar mhalartuithe den sórt sin. Sna himthosca sin, cuirfear a leagan páipéir go huathoibríoch in ionad na faisnéise agus na ndoiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail, nó tarchuirfear iad le modhanna cumarsáide eile mar a shainmhínítear iad san Iarscríbhinn.

Airteagal 11
Athbhreithniú meántearma

Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh athbhreithniú meántearma a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Phrótacail.

Airteagal 12
Fionraí

Féadfar an Prótacal seo a chur ar fionraí ar thionscnamh ó cheachtar Páirtí faoi na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Chomhaontaithe.

Airteagal 13
Foirceannadh

Féadfar an Prótacal seo a fhoirceannadh ar thionscnamh ó cheachtar Páirtí faoi na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Chomhaontaithe.

Airteagal 14
Oibleagáidí ar dhul in éag nó ar fhoirceannadh an Phrótacail

1. Tar éis dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail amhail dá bhforáiltear le hAirteagal 13, leanfaidh úinéirí shoithí an Aontais de bheith faoi dhliteanas i leith aon sárú ar fhorálacha an Chomhaontaithe nó an Phrótacail nó ar aon dlí de chuid na Séiséal a tharla roimh dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail, nó i leith aon táille cheadúnais nó aon dleacht amuigh nach n-íoctar tráth an dul in éag nó an fhoirceanta.
2. Más gá, leanfaidh na Páirtithe den fhaireachán ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear faoi Airteagal 3 mír 2(b) den Phrótacal.

Airteagal 15
Cur i bhFeidhm Sealadach

Beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal amhail ón dáta a shíneoidh na Páirtithe é.

Airteagal 16
Fad

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo ar feadh tréimhse 6 bliana ó dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh mura dtabharfar fógra um fhoirceannadh faoi Airteagal 13.

Airteagal 17
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích.

IARSCRÍBHINN

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE SAOTHRÚ GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA AG SOITHÍ AN AONTAIS I LIMISTÉAR IASCAIREACHTA NA SÉISÉAL

CAIBIDIL I - FORÁLACHA GINEARÁLTA

Roinn 1

Údarás inniúil a ainmniú

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt don Aontas Eorpach (an “tAontas”) nó do na Séiséil mar údarás inniúil:
 - i gcás an Aontais: an Coimisiún Eorpach, i gcás inarb infheidhme trí Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh atá inniúil as Poblacht na Séiséal (Toscaireacht AE);
 - i gcás na Séiséal: an Aireacht atá freagrach as iascaigh.

Limistéar iascaireachta na Séiséal

2. Ciallaíonn agus foláíonn limistéar iascaireachta na Séiséal an limistéar iascaireachta mar a shainmhínítear é sa Chomhaontú, seachas limistéir shrianta agus thoirmiscthe, *inter alia* chun aon drochthionchar ar iascaigh ar mhionscála a sheachaint.
3. An sainmhíniú ar limistéir shrianta agus ar limistéir faoi chosaint agus ar a gcomhordanáidí, tá sé de réir an tsainmhínithe a fholáítear in Acht Iascaigh, 2014, agus in aon dlí agus rialachán is infheidhme eile de chuid na Séiséal.

Údarú iascaireachta

4. Ciallaíonn “údarú iascaireachta” teidlíocht nó ceadúnas bailí de réir reachtaíocht na Séiséal chun dul i bun gníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhréir le téarmaí an údaraithe iascaireachta sin dá bhforáiltear faoin bPrótacal.

Íocaíochtaí ag úinéirí soithí

5. Sula gcuirfean an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, tabharfaidh na Séiséil fógra don Aontas faoi shonraí na gcuntas de chuid Stáitchiste na Séiséal inar gá na táillí is iníochta ag soithí an Aontais faoin gComhaontú a íoc. Is iad na longúinéirí a íocfaidh na costais aistrithe bainc ghaolmhara.

Teagmhálacha

6. Roimh chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, malartóidh na Páirtithe le chéile na sonraí teagmhála ábhartha uile maidir le cur chun feidhme an Phrótacail agus cuirfidh siad in iúl dá chéile iad mar is iomchuí.

Roinn 2

Tréimhse bhailíochta, cur i bhfeidhm agus eisiúint údaruithe iascaireachta

1. Beidh údarú iascaireachta bailí ar feadh aon bhliain amháin, dá ngairtear “tréimhse bhailíochta bhliantúil”. Sainítear dáta thosach feidhme na tréimhse sin de réir an dáta a thiochfaidh an Prótacal i bhfeidhm go sealadach. Tiochfaidh deireadh leis na húdaruithe iascaireachta uile ina dhiaidh sin ar dháta comórtha an Phrótacail.

Coinníollacha chun údarú iascaireachta a fháil

2. Is iad na soithí de chuid an Aontais a measfaidh an tAontas go bhfuil siad incháilithe agus na soithí sin amháin a fhéadfaidh údarú iascaireachta a fháil chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir an tAontas agus na Séiséal.
3. Chun go mbeidh soitheach de chuid an Aontais incháilithe:
 - (a) níor cheart toirmeasc a bheith ar an úinéir, ar an máistir ná ar an soitheach é féin iascaireacht a dhéanamh sna Séiséal;
 - (b) ní mór dóibh dlíthe na Séiséal a chomhlíonadh agus ní mór dóibh na hoibleagáidí roimh ré uile a d'eascair as a ngníomhaíochtaí iascaireachta sna Séiséal a chomhlíonadh faoi chomhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích leis an Aontas;
 - (c) déanfar na húdaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chomhaontú a eisiúint ar choinníoll go n-iontrálfar an soitheach i gclár an Aontais de shoithí iascaireachta agus i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 2403/2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha. Ní mór an soitheach a áireamh i dtaifead IOTC de shoithí údaráithe, agus ní i liosta NNN IOTC ná i liosta NNN aon Eagraíochta Réigiúnaí Bainistithe Iascaigh eile.

Iarratas ar údarú iascaireachta

4. Déanfaidh gníomhaire a bhfuil cónaí air sna Séiséal ionadaíocht ar gach soitheach de chuid an Aontais a dhéanann iarratas ar údarú iascaireachta. Luafar ainm agus seoladh an ghníomhaire sin san iarratas.
5. 21 lá féilire ar a laghad roimh an dáta a mheastar a chuirfear tús le gníomhaíochtaí iascaireachta, cuirfidh an tAontas faoi bhráid údaráis inniúla na Séiséal, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 den Chomhaontú, iarratas ar údarú iascaireachta le haghaidh gach soithigh de chuid an Aontais ar mian leis iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú.
6. Íocfaidh úinéirí na soithí na réamhtháillí atá dlite in aghaidh thréimhse iomlán bhliantúil bhailíochta an údaráithe iascaireachta.
7. Is ar an bhfoirm a tharraingítear suas i gcomhréir le hAguisín 1 a chuirfear gach iarratas ar údarú iascaireachta faoi bhráid údaráis inniúla na Séiséal agus beidh na doiciméid seo a leanas ag gabháil leo:
 - (a) cruthúnas gur íocadh an réamhtháille le haghaidh thréimhse bhailíochta an údaráithe iascaireachta;
 - (b) grianghraf digiteach daite den soitheach a tógadh le déanaí, ar grianghraf é ina bhfuil taifeach leordhóthanach lena dtaispeántar radharc cliathánach mionsonraithe den soitheach, lena n-áirítear ainm agus uimhir aitheantais an tsoithigh atá le feiceáil ar an gcabhair;
 - (c) aon doiciméad nó deimhniú eile a cheanglaítear faoi dhlíthe na Séiséal.
8. Íocfar na réamhtháillí isteach i gcuntas Státchiste na Séiséal arna chur ar fáil ag údaráis na Séiséal. Áireofar iontu gach muirear neamhoibríochtúil.

An t-údarú iascaireachta a eisiúint

9. Eiseofar údaráis iascaireachta chuig gníomhaire na soithí laistigh de 15 lá tar éis d'údaráis inniúla na Séiséal na doiciméid uile dá dtagraítear i mír 7(a), (b) agus (c) a

fháil. Déanfaidh soitheach údaraithe de chuid an Aontais an t-údarú iascaireachta bunaidh a choinneáil ar bord. Mar sin féin, measfar cóip leictreonach den údarú iascaireachta a bheith coibhéiseach leis an mbunleagan ar feadh uastréimhse 60 lá féilire tar éis dháta eisiúna an údaraithe iascaireachta.

10. Déanfar cóip de na húdaruithe iascaireachta sin a tharchur go leictreonach chuig an Aontas agus chuig Toscaireacht an Aontais Eorpaigh.

An t-údarú iascaireachta a aistriú

11. Eiseofar údarú iascaireachta chuig soitheach sonrath agus ní bheidh sé inaistrithe ach amháin i gcás *force majeure*, mar a leagtar amach sna míreanna thíos.
12. I gcás ina gcruthófar *force majeure*, féadfar, arna iarraidh sin don Aontas, údarú iascaireachta soithigh a aistriú, le haghaidh na tréimhse a bheidh fágtha dá bhailíocht, chuig soitheach incháilithe eile de chuid an Aontais a bhfuil saintréithe comhchosúla aige, gan aon táille bhreise a bheith dlite.
13. I dtaca leis an údarú iascaireachta a cuireadh ar ceal, déanfaidh úinéir an chéad soithigh, nó a ghníomhaire, an t-údarú sin a chur ar ais chuig údaráis inniúla na Séiséal. Cuirfidh údaráis na Séiséal Toscaireacht an Aontais Eorpaigh ar an eolas gan mhoill faoin údarú iascaireachta a cuireadh ar ceal.
14. Gabhfaidh éifeacht leis an údarú iascaireachta nua an lá a dhéanfaidh úinéir an tsoithigh nó a ghníomhaire an t-údarú iascaireachta cealaithe a chur ar ais chuig údaráis inniúla na Séiséal. Cuirfidh údaráis na Séiséal Toscaireacht an Aontais Eorpaigh ar an eolas gan mhoill faoin údarú iascaireachta nua.

Roinn 3

Soithí tacaíochta

1. Údaróidh na Séiséal go mbeidh soithí tacaíochta údaraithe de chúnamh ag soithí de chuid an Aontais atá ina sealbhóirí ar údarú iascaireachta. Beidh bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain ag na soithí tacaíochta, agus ní bheidh siad feistithe chun iasc a ghabháil ná a úsáid le haghaidh trasloingsithe.
2. An líon soithí tacaíochta de chuid an Aontais a bheidh údaraithe in aghaidh an líon soithí údaraithe peaslín saighne, beidh sé i gcomhréir le rúin ábhartha IOTC. Ina theannta sin, le ceanglais tuairiscithe comhlíonfar oibleagáidí ábhartha IOTC agus forálacha reachtacha náisiúnta ábhartha eile.
3. Soithí tacaíochta a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu, beidh siad faoi réir na nósanna imeachta céanna lena rialaítear iarratais ar údarú iascaireachta a fháil agus a tharchur mar a thuairiscítear i Roinn 2 thuas, a mhéid a bhaineann leo.

Roinn 4

Coinniollacha údaraithe iascaireachta - táillí agus réamhíocaíochtaí

1. Beidh údarú iascaireachta bailí ar feadh aon bhliain amháin, ón dáta a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, agus is féidir é a athnuachan ach coinniollacha cur i bhfeidhm, mar a leagtar amach iad i Roinn 2 thuas, a chomhlíonadh.
2. Na táillí a bheidh le híoc ag longúinéirí, ríomhfar iad ar bhonn an ráta seo a leanas in aghaidh an tona éisc a ghabhtar:
EUR 80 an tona i gcás na chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail;

EUR 85 an tona ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail;

3. Is é seo a leanas an táille bhliantúil réamhíocaíochta a bheidh le híoc ag na longúinéirí an tráth a chuirtear iarratais ar údarú iascaireachta isteach, údarú a bheidh le heisiúint ag údaráis na Séiséal:

(a) Soithí peaslín saighne tuinníní;

I gcás na chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, is é EUR 56 000 a bheidh sa réamhíocaíocht, arb ionann é agus EUR 80 an tona le haghaidh 700 tona tuinnín agus fine tuinnín a ghabhtar laistigh de limistéar iascaireachta na Séiséal.

Ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, is é EUR 59 500 a bheidh sa réamhíocaíocht, arb ionann é agus EUR 85 an tona le haghaidh 700 tona tuinnín agus fine tuinnín a ghabhtar laistigh de limistéar iascaireachta na Séiséal.

(b) Báid spiléireachta

I gcás na chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, is é EUR 7 200 a bheidh sa réamhíocaíocht, arb ionann é agus EUR 80 an tona le haghaidh 90 tona tuinnín agus fine tuinnín a ghabhtar laistigh de limistéar iascaireachta na Séiséal.

Ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, is é EUR 7 650 a bheidh sa réamhíocaíocht, arb ionann é agus EUR 85 an tona le haghaidh 90 tona tuinnín agus fine tuinnín a ghabhtar laistigh de limistéar iascaireachta na Séiséal.

(c) Táille ar shoithí tacaíochta

Is é EUR 5 000 an soitheach an táille údaraithe bhliantúil is infheidhme maidir le soithí tacaíochta.

Ráiteas bliantúil táillí

4. Tarraingeoidh údaráis na Séiséal suas Ráiteas de tháillí atá dlite i leith na ngabhálacha a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin ar bhonn dearbhuithe gabhála arna gcur isteach ag soithí iascaireachta an Aontais. Chun an Ráiteas Táillí a tharraingt suas, déanfaidh soithí iascaireachta an Aontais na fáltais díolacháin, na taifid logleabhair agus na taifid maidir le tabhairt i dtír agus trasloingsiú i dtaobh gach turais iascaireachta arna dhéanamh le linn na tréimhse údaraithe a sholáthar d'údaráis na Séiséal. Déanfar na sonraí maidir le gabhálacha arna ndéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal a chur i láthair in aghaidh an tsoithigh, in aghaidh na míosa gabhála agus in aghaidh speicis, agus is i dtonnaí (3 dheachúil) na coibhéise beomheáchain a shloinnfear na meáchain. Déanfar fachtóirí coinbhéartachta a úsáidtear, más ann, a shonrú.
5. Déanfar an Ráiteas Táillí a réiteach leis an bhfaisnéis atá i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Taifeadadh Sonraí Comhiomlánaithe Gabhála (ACDR) agus le faisnéis ábhartha eile maidir le díolachán, cigireacht agus sonraí eolaíochta.
6. Roimh dheireadh gach ráithe, soláthróidh an tAontas sonraí comhiomlánaithe d'údaráis na Séiséal le haghaidh na ráithí roimhe sa bhliain reatha, lena léireofar cainníochtaí na ngabhálacha in aghaidh an tsoithigh, in aghaidh na míosa gabhála, agus in aghaidh speicis, sonraí a bhainfear as bunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh. Measfar na sonraí sin a bheith sealadach.

7. Seolfar an Ráiteas Táillí chuig an Aontas roimh an 30 Aibreán den bhliain ina dhiaidh sin. Déanfaidh an tAontas é a tharchur gan mhoill chuig údaráis náisiúnta na mBallstát lena mbaineann agus déanfaidh na longúinéirí íocaíochtaí ina dhiaidh sin laistigh de 60 lá.
8. I gcás neamhréireachtaí a bheith ann idir tacair sonraí arna gcur i láthair ag na Séiséil agus ag an Aontas, beidh dhá mhí ag an Aontas chun na sonraí a fuarthas a chonspóid agus, ar bhonn sonraí arna soláthar ag na Ballstáit den Aontas Eorpach, ráiteas malartach ar na gabhálacha a chur isteach, mar aon le doiciméid tacaíochta amhail sonraí logleabhair, tuarascálacha cigireachta agus sonraí eolaíochta.
9. Socróidh na Páirtithe aon easaontas laistigh den mhí ina dhiaidh sin agus é mar chuspóir acu an Ráiteas Táillí deiridh a bhunú. Déanfaidh longúinéirí na híocaíochtaí laistigh de 60 lá dá réir.

CAIBIDIL II - BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNÚCHÁIN

1. Sa bhileog theicniúil atá in Aguisín 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo leagtar amach na bearta teicniúla caomhnúcháin is infheidhme maidir le soithí an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu do limistéar iascaireachta na Séiséal.
2. Comhlíonfaidh soithí an Aontais na rúin uile arna nglacadh ag IOTC agus na forálacha faoi reachtaíocht ábhartha na Séiséal mura bhforáiltear a mhalairt leis an gComhaontú agus lena phrótacal agus i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta.
3. Déanfaidh soithí an Aontais gach gníomhaíocht iascaireachta údaraithe ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar an iascach traidisiúnta, áitiúil.
4. Agus rúin agus moltaí IOTC á gcur i bhfeidhm, comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar chun gabhálacha teagmhasacha ar speicis atá faoi chosaint a laghdú go háirithe na turtair mhuirí agus na mamaigh mhuirí uile, agus ar éin mhara agus ar iasc sceire. Chuige sin, féachfaidh na soithí an Aontais le bearta teicniúla a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar roghnaíocht na dtrealamh iascaireachta agus chun laghdú ar ghabhálacha teagmhasacha ar speicis nach speicis spriocspeicis iad.
5. Chun laghdú ar an líon cásanna ina dtéann siorcanna, turtair mhuirí nó aon speiceas eile nach spriocspeicis iad i bhfostú, bainfidh soithí an Aontais úsáid as dearthaí agus as ábhair neamhfhostúcháin chun feistí um chomhbhailiú éisc (FADanna) a chruthú. Ina theannta sin, chun tionchar FADanna ar an éiceachóras agus an méid smionagar muirí sintéiseach a laghdú, bainfidh soithí an Aontais úsáid as ábhair nádúrtha nó inbhithmhíllte le haghaidh FADanna agus gheobhaidh siad iad in uiscí na Séiséal nuair a thiocfaidh dóibh a bheith ina FADanna neamhoibríochtúla laistigh de mhódúlachtaí reachtaíochta na Séiséal.
6. Chun an comhshaol a bhainistiú agus chun breathnóireacht a dhéanamh ar éiceachórais mhuirí in uiscí na Séiséal, tá sé beartaithe ag údaráis na Séiséal Ciste tiomnaithe a chruthú lena ranníocfaidh longúinéirí peaslín saighne an Aontais. Is ionann an ranníocaíocht fhoriomlán sin agus méid measta EUR 175 000 sa bhliain, bunaithe ar thonnáiste gach soithigh. Is ionann ranníocaíocht gach soithigh agus EUR 2,25 an OT agus íocfar í mar aon leis an táille réamhíocaíochta agus íocfar leis an gcuntas céanna í freisin. Tabharfaidh údaráis na Séiséal tuarascáil go rialta tríd an gComhchoiste ar úsáid na ranníocaíochta sin.

CAIBIDIL III - FAIREACHÁN, RIALÚ AGUS FAIREACHAS

Roinn 1
Taifeadadh gabhálacha

1. Na soithí de chuid an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal faoin gComhaontú seo, cuirfidh siad a ngabhálacha in iúl go laethúil d'údaráis inniúla na Séiséal ar an mbealach seo a leanas, go dtí go gcuirfidh an dá pháirtí chun feidhme an *Córas Tuairiscithe Leictreonach*, dá ngairtear ERS:
 - (a) Na soithí de chuid an Aontais a údaraítear chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal, líonfaidh siad isteach ar bhonn laethúil foirm um ráiteas gabhálacha lena gcomhlíontar rúin IOTC, i gcás gach sraithe de gach turas iascaireachta a dhéanann siad i limistéar iascaireachta na Séiséal. Líonfar an fhoirm isteach fós, fiú mura ndearnadh aon ghabháil. Líonfar an fhoirm isteach go soléite agus síneoidh máistir an tsoithigh í.
 - (b) Comhaontóidh na Páirtithe an fhoirm a úsáidfeadh chun gabhálacha a thuairisciú sula gcuirfeadh an Prótacal i bhfeidhm go sealadach. Formhuineoidh an Comhchoiste aon nuashonrú ar an bhfoirm sin. An fhoirm atá le húsáid chun gabhálacha a thuairisciú, beidh sí i gcomhréir le foirm na gcumarsáidí a leagtar amach in Aguisín 3. Ceanglaítear ar shoithí soláthair a gcuid gníomhaíochtaí laethúla a thuairisciú. Déanfaidh na Páirtithe na módúlachtaí praiticiúla agus a bhfoirm a chomhaontú mar is infheidhme.
 - (c) A mhéid a bhaineann le tíolacadh na foirme um ráiteas gabhálacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b), déanfaidh soithí an Aontais:
 - sa chás ina dtéann siad isteach i bPort Victoria, an fhoirm chomhlánaithe a chur faoi bhráid údaráis na Séiséal laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh dul isteach ann;
 - in aon chás eile, an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig údaráis na Séiséal laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh uisce na Séiséal a fhágáil.
 - (d) Déanfar cóipeanna de na foirmeacha um ráitis gabhálacha sin a sheoladh chuig na hinstiúidí eolaíochá ábhartha ag an am céanna: IRD (Institut de Recherche pour le Développement), IEO (Instituto Español de Oceanografía) nó IPMA (Instituto Português do Mar e da Atmosfera).
2. I gcás fadhbanna teicniúla nó mífheidhm ERS, déanfar dearbhuithe gabhálacha de bhun phointe 1 thuas.

Roinn 2
Aistriú chuig Córas Tuairiscithe Leictreonach (ERS)

1. Áiritheoidh na Páirtithe aistriú go córas leictreonach chun gabhálacha a dhearbhu a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an Phrótacail, ar dháta a bheidh le comhaontú ag an gComhchoiste. A luaithe a bheidh an córas sin cruthaithe, is mar seo a leanas a bheidh na módúlachtaí maidir le dearbhú gabhálacha:
 - (a) an máistir ar shoitheach de chuid an Aontais a bheidh i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin gComhaontú, coimeádfaidh sé logleabhar iascaireachta leictreonach arna chomhtháthú i gcóras taifeadta agus tuairiscithe leictreonach (ERS);
 - (b) ní údarófar do shoitheach de chuid an Aontais nach bhfuil feistithe le ERS dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh.

2. Beidh an máistir freagrach as cruinneas na sonraí a thairfeadfar sa logleabhar iascaireachta leictreonach. Comhlíonfaidh an logleabhar iascaireachta leictreonach rúin agus moltaí ábhartha IOTC.
3. Gach lá, déanfaidh an máistir beomheáchan measta gach speicis a ghabhtar agus a choimeádtar ar bord, nó a chaitear ar ais san fharraige, a thairfeadh le haghaidh gach oibríochta iascaireachta.
4. Má tá soitheach an Aontais i limistéar iascaireachta na Séiséal ach nach dtéann i mbun iascaireachta, déanfar suíomh an tsoithigh ag meán lae a thairfeadh.
5. Áiritheoidh an máistir go ndéanfar sonraí an logleabhair iascaireachta leictreonacha a tharchur go huathoibríoch agus go laethúil chuig an Lárionad Faireacháin Iascaigh (FMC) de chuid Bhallstát brataí an Aontais. Áireofar na nithe seo a leanas ar a laghad sa tarchur:
 - (a) uimhreacha aitheantais an tsoithigh agus ainm an tsoithigh iascaireachta;
 - (b) cód 3-alfa FAO gach speicis;
 - (c) an limistéar geografach ábhartha (domhanleithead agus domhanfhad) inar gabhadh na gabhálacha;
 - (d) an dáta agus, i gcás inarb iomchuí, am na ngabhálacha;
 - (e) an dáta agus an t-am imeachta as an gcalafort agus dul isteach ann, agus fad an turais iascaireachta;
 - (f) an cineál trealamh, agus i gcás inarb infheidhme na sonraíochtaí agus na toisí teicniúla;
 - (g) cainníochtaí measta gach speicis a choimeádtar ar bord, i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb iomchuí, an líon iasc aonair;
 - (h) cainníochtaí measta gach speicis a aischuirtear, i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb iomchuí, an líon iasc aonair;
6. Áiritheoidh Ballstát brataí an Aontais go bhfaighfear agus go dtairfeadfar na sonraí i mbunachar sonraí ríomhaireachta sa chaoi gur féidir na sonraí a stóráil go slán ar feadh 36 mhí ar a laghad.
7. Áiritheoidh Ballstát brataí an Aontais agus údaráis na Séiséal go mbeidh an trealamh agus na bogearraí TF is gá acu chun sonraí ERS a mhalartú le chéile go huathoibríoch. Malartófar sonraí ERS trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide leictreonacha arna n-oibriú ag an gCoimisiún Eorpach chun sonraí iascaigh a mhalartú i bhfoirm chaighdeánaithe. Déanfar athruithe ar chaighdeáin a chur chun feidhme laistigh de shé mhí.
8. Áiritheoidh FMC Bhallstát brataí an Aontais go gcuirfear ar fáil logleabhair iascaireachta trí bhíthin ERS do FMC na Séiséal go huathoibríoch agus ar bhonn laethúil le haghaidh na tréimhse ina bhfuil an soitheach sa limistéar iascaireachta, fiú i gcás nach ndearnadh aon gabháil.
9. Is in Aguisín 4 a leagtar amach na socruithe chun gabhálacha a thairisciú trí bhíthin ERS agus na nósanna imeachta i gcás mífeidhme.
10. Déanfaidh údaráis na Séiséal sonraí faoi ghníomhaíochtaí iascaireachta soithí aonair de chuid an Aontais a láimhseáil ar bhealach rúnda slán.

Roinn 3

Cumarsáid maidir le gabhálacha: dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal agus é a fhágáil

1. Is mar seo a leanas a shainmhíneofar fad turais ag soitheach de chuid an Aontais:
 - an tréimhse a chaitear idir dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal agus é a fhágáil;
 - nó an tréimhse a chaitear idir dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal agus trasloingsiú;
 - nó an tréimhse a chaitear idir dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal agus tabhairt i dtír sna Séiséil;
2. Tabharfaidh soithí an Aontais fógra d'údaráis na Séiséal sé uair an chloig ar a laghad roimh ré go bhfuil sé ar intinn acu dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal nó é a fhágáil agus, go dtí go mbeidh ERS ag feidhmiú, tabharfaidh siad fógra do na húdaráis, ar bhonn laethúil le linn a ngníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal, faoina ngabhálacha le linn na tréimhse sin.
3. Le linn dóibh a fhógairt go bhfuil siad dul isteach nó ag fágáil, tabharfaidh soithí an Aontais fógra faoina suíomh (domhanleithead agus domhanfhad) ag tráth na cumarsáide agus tabharfaidh siad fógra freisin faoin tonnáiste agus faoi na speicis i ngabhálacha a choimeádtar ar bord. Seolfar na teachtaireachtaí sin trí ríomhphost nó trí ERS chuig na sonraí teagmhála arna soláthar ag údaráis inniúla na Séiséal.
4. Is cion é ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a bheith ag iascaireacht gan fógra a thabhairt roimh ré d'údaráis inniúla na Séiséal. Beidh soitheach den sórt sin de chuid an Aontais faoi dhliteanas smachtbhannaí dá dtagraítear i gCaibidil VI, mír 1 den Phrótocal.

Roinn 4

Tabhairt i dtír

1. Tá le “foghabháil” an bhrí chéanna atá leis i gComhthéacs IOTC.
2. Is é Victoria, Mahé an calafort ainmnithe le haghaidh gníomhaíochtaí tabhairt i dtír sna Séiséil.
3. Gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ar mian leis gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafort ainmnithe na Séiséal, tabharfaidh sé fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas do na húdaráis inniúla sna Séiséil 48 n-uair an chloig roimh ré:
 - (a) ainm agus Glao-Chomhartha Idirnáisiúnta Raidió (IRCS) an tsoithigh iascaireachta atá ag tabhairt i dtír;
 - (b) dáta agus am tabhairt i dtír;
 - (c) an chainníocht in Kg, arna slánú go dtí an 100Kg is gaire, de réir speiceas atá le cur i dtír;
 - (d) foirm chur i láthair na dtáirgí.
4. Measfar go bhfuiltear ag fágáil limistéar iascaireachta na Séiséal, mar a shainmhínítear é i Roinn 3.1, nuair a thugtar gabháil i dtír. Dá bhrí sin, ní mór do shoithí iascaireachta an Aontais a gcuid Dearbhuithe Tabhairt i dtír a chur faoi bhráid údaráis inniúla na Séiséal, tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis tabhairt i dtír, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach an calafort.

5. Spreagfaidh na Páirtithe comhar eacnamaíoch sa tionscal iascaireachta agus próiseála chun cur le hinfheistíochtaí, luacháil acmhainní, cruthú post agus cothromaíocht cheart idir soláthar agus éileamh. Áiritheoidh oibreoirí, go háirithe, go mbeidh deiseanna réasúnta ann do thionscal próiseála na Séiséal soláthar leordhóthanach tuinníní a bheith aige, lena n-áirítear foghabháil tuinníní ag soithí iascaireachta an Aontais. Déanfaidh na húdaráis ábhartha na doiciméid riaracháin ghaolmhara is gá maidir le trádáil idirnáisiúnta éisc arna thabhairt i dtír sna Séiséil ag soithí iascaireachta an Aontais a láimhseáil laistigh de thréimhse ama réasúnta trí rialuithe agus fíoruithe leordhóthanacha a áirithiú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Roinn 5 Trasloingsiú

1. Gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ar mian leis gabhálacha a thrasloingsiú sna Séiséil, is laistigh de Chalafort Victoria agus laistigh de sin amháin a dhéanfaidh sé é. Toirmisctear trasloingsiú ar muir agus is faoi dhlíteanas na bpionós dá bhforáiltear le dlíthe na Séiséal a bheidh aon duine a sháróidh an fhoráil sin.
2. Ní mór do na longúinéirí nó dá ngníomhairí fógra a thabhairt d'údarais inniúla na Séiséal, trí ERS b'fhéidir, faoin bhfaisnéis seo a leanas 48 n-uair an chloig roimh ré:
 - (a) an limistéar trasloingsithe ina ndéanfar an oibríocht;
 - (b) ainm agus Glao-Chomhartha Idirnáisiúnta Raidió (IRCS) an tsoithigh iascaireachta bhronnta;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, ainm agus Glao-Chomhartha Idirnáisiúnta Raidió (IRCS) an tsoithigh glactha agus/nó an tsoithigh cuisniúcháin;
 - (d) i gcás inarb infheidhme, na saoráidí stórála;
 - (e) dáta agus am an trasloingsithe;
 - (f) i gcás inar féidir, an chéad cheann scríbe eile;
 - (g) an chainníocht in Kg, arna slánú go dtí an 100Kg is gaire, de réir speiceas atá le trasloingsiú;
 - (h) foirm chur i láthair na dtáirgí.
3. Measfar go bhfuiltear ag fágáil limistéar iascaireachta na Séiséal, mar a shainmhínítear é i Roinn 3.1, nuair a dhéantar trasloingsiú. Dá bhrí sin, ní mór do shoithí iascaireachta an Aontais a gcuid dearbhuithe gabhála a chur faoi bhráid údarais inniúla na Séiséal, tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis trasloingsiú, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach deontóra an calafort, cibé acu is túisce a tharlóidh.

Roinn 6 Rialú agus iniúchadh

Iniúchadh ar muir agus sa chalafort

1. I gcás iniúchtaí ar muir, i gcalafort nó amach as calafort a dhéanfar i limistéar iascaireachta na Séiséal ar shoithí údaraithe de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu, is iad cigirí de chuid na Séiséal a dhéanfaidh iad, cigirí ar féidir a aithint go soiléir go bhfuil siad údaraithe chun iniúchtaí iascaireachta a dhéanamh.
2. Sula rachaidh siad ar bord, cuirfidh na hoifigigh údaraithe de chuid na Séiséal a gcinneadh chun iniúchadh a dhéanamh in iúl do shoitheach an Aontais. Líon réasúnta

oifigeach údaraithe a dhéanfaidh an t-iniúchadh, agus ní mór dóibh cruthúnas aitheantais agus cruthúnas ar a bpost oifigiúil mar oifigeach údaraithe a sholáthar sula ndéanfaidh siad an t-iniúchadh.

3. Ní fhanfaidh na hoifigigh údaraithe de chuid na Séiséal ar bord shoitheach de chuid an Aontais ach ar feadh an ama is gá chun cúraimí a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanamh. Déanfaidh siad an t-iniúchadh ar bhealach a n-íoslaghdóidh an tionchar ar an soitheach, ar a ghníomhaíocht iascaireachta agus ar a lasta.
4. Íomhánna (grianghraif nó físeáin) arna nglacadh le linn iniúchtaí, beidh siad beartaithe do na húdaráis atá freagrach as rialú agus faireachas iascaigh. Ní dhéanfar iad a phoibliú mura bhforáiltear a mhalairt leis an reachtaíocht náisiúnta.
5. Ceadóidh an máistir ar shoitheach an Aontais do na cigirí de chuid na Séiséal a theacht ar bord agus a gcuid oibre a dhéanamh.
6. Ag deireadh gach iniúchta, déanfaidh an t-oifigeach údaraithe de chuid na Séiséal tuarascáil ar an iniúchadh a tharraingt suas. Beidh an ceart ag an máistir ar shoitheach an Aontais a chuid tuairimí a chur leis an tuarascáil ar an iniúchadh. Is iad an t-oifigeach údaraithe a tharraingeoidh suas an tuarascáil agus an máistir ar shoitheach an Aontais a shíneoidh an tuarascáil ar an iniúchadh.
7. Maidir leis an máistir an tuarascáil ar an iniúchadh a shíniú beidh sé gan dochar do chearta na cosanta a bheidh ag úinéir shoitheach an Aontais le linn aon nós imeachta um shárú. Comhoibreoidh an máistir ar shoitheach an Aontais le linn don nós imeachta iniúchta a bheith ar siúl. Má dhiúltaíonn an máistir an doiciméad a shíniú, sonrúidh sé na cúiseanna atá leis sin i scríbhinn, agus scríobhfaidh an cigire ‘Diúltaíodh é a shíniú’ air. Tabharfaidh an t-oifigeach údaraithe de chuid na Séiséal cóip den tuarascáil iniúchta don mháistir ar shoitheach an Aontais sula bhfágfaidh sé an soitheach. Cuirfidh údaráis na Séiséal údaráis an Aontais ar an eolas faoi iniúchtaí arna ndéanamh laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh a bheith curtha i gcrích agus faoi aon sárú a fuarthas, agus seolfaidh siad an tuarascáil ar an iniúchadh a luaithe is féidir. Más infheidhme, déanfar cóip den sárú a bheidh mar thoradh air sin a sheoladh chuig an Aontas laistigh de sheacht lá ar a mhéid tar éis don oifigeach údaraithe filleadh ar an gcalafort.
8. Féadfaidh údaráis na Séiséal a údarú d’údaráis an Aontais páirt a ghlacadh i gcigireacht mar bhreathnóir.
9. Bunaithe ar mheasúnú riosca, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go ndéanfaidh siad comhiniúchtaí ar shoithí an Aontais, go háirithe le linn oibríochtaí tabhairt i dtír agus trasloingsithe, chun a áirithiú go gcomhlíonfar reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht na Séiséal. Le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh, cloífidh na cigirí arna bhfostú ag na Páirtithe leis na forálacha maidir le hiniúchtaí a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus na Séiséal faoi seach. Féadfaidh na Páirtithe, i gcomhthéacs a gcuid freagrachtaí mar Stáit bhrataí agus mar Stáit chósta, cinneadh a dhéanamh a bheith ag obair i gcomhar ar ghníomhartha leantacha, de bhun a reachtaíochta ábhartha. Ina theannta sin, ar iarraidh a fháil ón Aontas, féadfaidh údaráis na Séiséal a údarú do chigirí iascaigh ó Bhallstáit an Aontais iniúchtaí a dhéanamh ar shoithí an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu laistigh de theorainneacha a n-inniúlachta faoina ndlí náisiúnta.
10. I gcás nach gcomhlíontar na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, forchoimeádan údaráis na Séiséal an ceart chun údarú iascaireachta an tsoithigh chiontaigh de chuid an Aontais a chur ar fionraí go dtí go mbeidh na foirmiúlachtaí curtha i gcrích agus chun an

pionós a leagtar síos i reachtaíocht na Séiséal a chur i bhfeidhm. Cuirfear Ballstát brataí an Aontais agus an tAontas ar an eolas faoi sin.

Faireachán rannpháirteach sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN

11. Chun an comhrac in aghaidh iascaireacht NNN a neartú, gach soitheach a bheidh i limistéar iascaireachta na Séiséal atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí amhrasta a d'fhéadfadh a bheith ina iascaireacht NNN, déanfaidh na máistrí ar shoithí iascaireachta an Aontais iad a thuairisciú, agus soláthróidh siad a mhéid faisnéise agus is féidir maidir leis an méid a bhí le feiceáil. Seolfar tuarascálacha amhairc gan mhoill chuig údaráis na Séiséal agus chuig údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh óna bhfuarthas an t-amharc ar na gníomhaíochtaí amhrasta sin, a tharchuirfidh láithreach iad chuig an Aontas nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú aige.
12. Seolfaidh na Séiséil aon tuarascáil amhairc a bheidh acu ar shoithí iascaireachta an Aontais a bheith i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN i limistéar iascaireachta na Séiséal.

Roinn 7

Córas um Faireachán Soithí (VMS)

1. I gcás na soithí de chuid an Aontais a údaraítear faoin bPrótacal seo, beidh siad feistithe le gaireas rianaithe soithí saitéilíbhunaithe agus/nó le gaireas faireacháin soithí saitéilíbhunaithe i gcomhréir le dlíthe na Séiséal.
2. Toirmisctear an gaireas rianaithe leanúnaigh a bhogadh, a dhícheangal, a scriosadh, a dhamáistiú, agus toirmisctear cur isteach air nó é a chur ó mhaith freisin trí úsáid a bhaint as cumarsáid saitéilíbhunaithe agus/nó as gaireas faireacháin a chuirtear ar bord shoithí an Aontais chun sonraí a tharchur nó chun sonraí a tharchuirtear nó a thaifeadtar le córas den sórt sin a athrú, a atreorú nó a fhalsú d'aon ghnó.
3. Cuirfidh soithí an Aontais a suíomh in iúl go huathoibríoch agus go leanúnach, gach uair an chloig ar a laghad do Lárionad Faireacháin Iascaigh a mBallstáit brataí. Féadfar an mhinicíocht sin a mhéadú go gach 30 nóiméad ar iarraidh ó údaráis na Séiséal, mar chuid de bhearta imscrúdaitheacha maidir le gníomhaíochtaí soithigh.
4. Le FMC an Stáit Brataí áirithítear go ndéanfar suíomhanna VMS a chur ar fáil go huathoibríoch gar d'fhíor-am do FMC na Séiséal le haghaidh na tréimhse ina bhfuil soitheach an Aontais in uiscí na Séiséal.

Beidh na nithe seo a leanas i ngach teachtaireacht maidir le suíomh:

- (a) aitheantas soithigh;
 - (b) an suíomh geografach is déanaí de chuid an tsoithigh (domhanfhad, domhanleithead), a mbeidh lamháil earráide is lú ná 100 méadar agus eatramh muiníne 99 % aige;
 - (c) an dáta agus an t-am a dtaiifeadtar an suíomh;
 - (d) luas agus cúrsa an tsoithigh.
5. Is in Aguisín 5 a leagtar amach na sonraíochtaí maidir le fógra a thabhairt faoi shuíomhanna shoitheach an Aontais trí bhíthin VMS agus na nósanna imeachta i gcás mífheidhme.

CAIBIDIL IV - MAIRNÉALAIGH A THABHAIRT AR BORD

1. Le linn a thurais i limistéar iascaireachta na Séiséal, déanfaidh gach soitheach peaslín saighne de chuid an Aontais beirt mhairnéalach cháilithe ar a laghad de chuid na Séiséal a thabhairt ar bord, ar mairnéalaigh iad arna n-ainmniú ag gníomhaire an tsoithigh, i gcomhaontú leis an longúinéir, ó na hainmneacha ar liosta atá le coinneáil ar bun agus le cur isteach ag údaráis inniúla na Séiséal agus a bhunaítear ar bhonn na dtreoirlínte maidir le mairnéalaigh na Séiséal a fhostú ar shoithí an Aontais dá bhforáiltear in Aguisín 6.
2. Déanfaidh údaráis inniúla na Séiséal liosta de mhairnéalaigh cháilithe arna n-ainmniú ag údaráis inniúla na Séiséal a sholáthar do na longúinéirí nó dá ngníomhairí ar bhonn míosúil. Mura bhfaigheann an longúinéir, trí údaráis inniúla na Séiséal, mairnéalach cáilithe oiriúnach ar an liosta, de réir treoirlínte seanbhunaithe, saorfar an longúinéir ar an oibleagáid sin agus ar na hoibleagáidí gaolmhara dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear an cúiteamh ar ráta comhréidh dá bhforáiltear i mír 10 a íoc.
3. I gcás inar féidir, tabharfaidh longúinéirí oiliúnaithe ar bord in ionad na hoibleagáide thuas maidir le mairnéalaigh na Séiséal a thabhairt ar bord. D'fhéadfadh gníomhaire shoitheach an Aontais, i gcomhaontú leis an longúinéir, na hoiliúnaithe cáilithe a ainmniú ó na hainmneacha ar an liosta arna chur isteach ag údaráis inniúla na Séiséal.
4. Cuirfidh an longúinéir nó an gníomhaire údaráis inniúla na Séiséal ar an eolas faoi ainmneacha agus faoi shonraí mhairnéalaigh na Séiséal is féidir a thabhairt ar bord an tsoithigh de chuid an Aontais lena mbaineann, agus a n-áit sa liosta foirne le haghaidh gach turais á lua acu.
5. Beidh feidhm ó cheart ag Dearbhú na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus Coinbhinsiúin ábhartha eile de chuid na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta maidir le mairnéalaigh na Séiséal arna bhfostú ag soithí an Aontais. Baineann sé seo go háirithe leis an tsaoirse comhlachais agus leis an aitheantas éifeachtach don cheart chun cómhargála, agus le deireadh a chur le hidirdhealú i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha agus coinníollacha oibre agus maireachtála ar bord soithí iascaireachta.
6. Sa chás ina dtabharfar mairnéalaigh na Séiséal ar bord, tarraingeofar suas conarthaí fostaíochta idir gníomhaire na longúinéirí agus na mairnéalaigh agus/nó a gceardchumainn nó a n-ionadaithe i gcomhairle le húdaráis inniúla na Séiséal. Ráthófar sna conarthaí sin go mbeidh ag na mairnéalaigh an cumhdach slándála sóisialta is infheidhme maidir leo, lena n-áirítear árachas breoiteachta agus timpiste, sochair phinsin, saoire agus sochair chúitimh dheireadh an chonartha chomh maith leis an mbunphá atá le híoc faoi fhorálacha na Caibidle seo. Tabharfar cóip den chonradh do na sínitheoirí agus d'údaráis inniúla na Séiséal.
7. Sa chás ina dtabharfar ar bord mairnéalaigh na Séiséal, íocfaidh na longúinéirí a bpá. Na coinníollacha bunphá, i.e. an t-íosphá sula gcuirtear bónais leis, a dheonaítear do mhairnéalaigh na Séiséal, socrófar iad ar an mbonn dá bhforáiltear le reachtaíocht na Séiséal nó ar an íoschaighdeán a leagtar síos le ILO, cibé acu is airde. Ní bheidh na sochair eile níos ísle ná na sochair eile a chuirtear i bhfeidhm i leith mairnéalaigh ó thíortha Afracacha eile sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) a chomhlíonann dualgais dá samhail.
8. Chun dlí fostaíochta na Séiséal a fhorfheidhmiú agus a chur i bhfeidhm, measfar gurb é gníomhaire an longúinéara ionadaí áitiúil an longúinéara. Sa chonradh a thabharfar i gcrích idir an gníomhaire agus mairnéalaigh na Séiséal áireofar na coinníollacha maidir le haisdúichiú agus an pinsean agus gach sochar eile is infheidhme maidir leo.

9. Na mairnéalaigh uile a fhostaítear ar bord shoithí an Aontais, tuairisceoidh siad do mháistir an tsoithigh atá ainmnithe an lá roimh an dáta bordála atá beartaithe acu. I gcás ina mainneoidh mairnéalach de chuid na Séiséal an dáta agus an t-am bordála comhaontaithe a thuairisciú, saorfáir longúinéirí go huathoibríoch ar a n-oibleagáid an mairnéalach a thabhairt ar bord.
10. I gcás nach mbainfear amach an t-íosleibhéal dá bhforáiltear i mír 1, ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i mír 9, leis an líon mairnéalach cáilithe de chuid na Séiséal atá ar bord shoithí an Aontais, íocfaidh an longúinéir cúiteamh ar ráta comhréidh EUR 35 i gcás gach mairnéalaigh nár tugadh ar bord in aghaidh gach lae de ghníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal. Íocfar an méid ráta comhréidh le húdaráis na Séiséal laistigh de 90 lá ar a dhéanaí ó dheireadh thréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta.

CAIBIDIL V - BREATHNÓIRÍ

Breathnóireacht ar ghníomhaíochtaí iascaireachta

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé na hoibleagáidí a bhaineann le rúin ábhartha IOTC a urramú maidir leis an gClár Breathnóirí Eolaíocha agus le dlíthe agus rialacháin ábhartha na Séiséal, lena n-áirítear scéimeanna breathnóireachta leictreonaí. Mar sin féin, leis na módúlachtaí maidir le cur i bhfeidhm scéimeanna breathnóireachta leictreonaí, cuirfear san áireamh na himpleachtaí praiticiúla a bheidh ann do na cabhlaigh agus an t-am is gá don aistriú.

Soithí agus breathnóirí ainmnithe

2. Ar iarratas ó údaráis na Séiséal, déanfaidh soithí peaslín saighne an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal, breathnóir amháin a thabhairt ar bord, i gcomhthéacs clár breathnóireachta náisiúnta agus/nó clár breathnóireachta réigiúnach faoi na téarmaí a leagtar amach thíos. Breathnóirí breise a thugtar ar bord déanfar sin a mheas faoi réir comhaontú cás ar chás freisin.
3. Déanfaidh údaráis na Séiséal liosta a tharraingt suas de shoithí peaslín saighne an Aontais a ainmneofar chun breathnóir a thabhairt ar bord agus tarraingeoidh siad suas liosta de bhreathnóirí ceaptha, agus saintréithe na soithí agus na teorainneacha spáis a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr ceanglais slándála á gcur san áireamh. Tabharfar an liosta cothrom le dáta agus cuirfear ar aghaidh chuig údaráis an Aontais é a luaithe a bheidh sé tarraingthe suas, agus gach uair a thabharfar cothrom le dáta é.
4. Cuirfidh údaráis na Séiséal ainm an bhreathnóra ainmnithe in iúl do ghníomhaire shoitheach an Aontais lena mbaineann, tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an dáta bordála atá beartaithe ag an mbreathnóir.

Coinníollacha bordála

5. Socróidh údaráis na Séiséal an t-am a chaitheann breathnóirí ar bord agus, mar riail ghinearálta, ní rachaidh sé thar an am is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. I gcomhthéacs clár breathnóirí réigiúnacha, is féidir leis an mbreathnóir fanacht ar bord ar feadh tréimhse a gcuirfear síneadh léi arna comhaontú go frithpháirteach. Cuirfidh údaráis na Séiséal gníomhaire shoitheach an Aontais ar an eolas faoi sin nuair a bheidh ainm an bhreathnóra ainmnithe á chur in iúl acu.
6. Na coinníollacha maidir le breathnóirí a thabhairt ar bord, comhaontóidh na longúinéirí agus údaráis na Séiséal iad tar éis fógra a thabhairt do na breathnóirí ainmnithe.

7. I gcás ina mbeidh breathnóirí le tabhairt ar bord sna Séiséil, cuirfidh na longúinéirí lena mbaineann i bhfios, laistigh de choicís agus fógra 10 lá á thabhairt acu, an calafort nó an suíomh, agus na dátaí a bheidh sé i gceist iad a thabhairt ar bord.
8. I gcás ina mbeidh breathnóirí le cur ar bord i gcalafort eachtrach, is é an longúinéir a íocfaidh a gcostais taistil. Má dhéanann soitheach a bhfuil breathnóir de chuid na Séiséal ar bord ann uiscí na Séiséal a fhágáil, déanfar gach beart chun a áirithiú go dtabharfar an breathnóir ar ais chun na Séiséal go sábháilte a luaithe is féidir ar chostas an longúinéara.
9. Mura bhfuil an breathnóir i láthair ag an am agus ag an áit a chomhaontaítear nó mura bhfuil sé i láthair le linn na sé uair an chloig tar éis an ama a chomhaontaítear, saorfar na longúinéirí ar a n-oibleagáid an breathnóir a thabhairt ar bord.
10. Tabhóidh longúinéirí an costas a bhaineann le cothú agus cóiríocht a sholáthar do bhreathnóirí de réir na gcoinníollacha céanna atá ag na hoifigigh a bheidh ar bord an tsoithigh.
11. Is mar oifigigh a dhéileálfar le breathnóirí.
12. Is iad údaráis inniúla na Séiséal a íocfaidh tuarastal agus cánacha infheidhme na mbreathnóirí.

Dualgais an bhreathnóra

13. Déanfaidh na breathnóirí gníomhaíochtaí iascaireachta na soithí a bhreathnú agus a thairfeadh chun críoch eolaíoch, go háirithe:
 - speiceas, cainníocht, méid agus riocht na n-iasc arna ngabhadh;
 - an modh trína ngabhtar éisc, na limistéir ina ngabhtar iad agus an doimhneacht ina ngabhtar iad;
 - suíomh shoithí an Aontais atá i mbun oibríochtaí iascaireachta agus an trealamh iascaireachta a úsáidtear;
 - na sonraí gabhála le haghaidh limistéar iascaireachta na Séiséal a thairfeadtar sa logleabhar, lena n-áirítear an céatadán foghabhálacha agus meastachán ar ábhar muirí aischurtha;
 - i gcás inarb ábhartha, próiseáil, trasloingsiú, stóráil nó diúscairt aon éisc.
14. Coinneoidh an breathnóir bealach cumarsáide rialta le húdaráis na Séiséal, agus bainfidh sé úsáid as na modhanna cumarsáide a bheidh ar fáil ar bord shoitheach an Aontais.
15. Ina theannta sin, féadfaidh siad dualgais eile a dhéanamh amhail:
 - sampláil bhitheolaíoch a dhéanamh i gcomhthéacs clár eolaíochta;
 - faireachán a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar an acmhainneacht agus ar an gcomhshaol.
16. Déanfaidh na máistrí ar shoithí an Aontais gach rud is féidir go réasúnta chun sábháilteacht agus leas fisiceach na mbreathnóirí a áirithiú agus iad ar bord.
17. Tabharfar gach saoráid is gá do na breathnóirí chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tabharfaidh an máistir rochtain dóibh ar na modhanna cumarsáide is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh, ar dhoiciméid maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh, go háirithe an logleabhar agus an log loingseoireachta, agus ar na codanna sin den soitheach is gá chun comhlíonadh a gcúraimí mar bhreathnóirí a éascú.

Oibleagáidí an bhreathnóra

18. Agus iad ar bord, déanfaidh breathnóirí:
- gach beart iomchuí chun a áirithiú nach gcuirfear isteach ar na hoibríochtaí iascaireachta ná nach gcuirfear bac orthu de bharr na gcoinníollacha a bhaineann le hiad dul ar bord agus iad a bheith ar bord shoitheach an Aontais,
 - an cúram is gá a ghlacadh maidir leis an ábhar agus an trealamh a bheidh ar bord;
 - rúndacht na sonraí agus na ndoiciméad uile maidir le soitheach an Aontais agus a ghníomhaíochtaí agus aon fhaisnéis a bhailítear a áirithiú.
19. Ag deireadh na bordála agus sula bhfágfaidh siad soitheach an Aontais, déanfaidh an breathnóir tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a tharraingt suas, tuarascáil a tharchuirfear chuig údaráis inniúla na Séiséal, agus seolfar cóip chuig údaráis an Aontais laistigh de 15 lá. Síneoidh an breathnóir an tuarascáil. Tabharfar cóip den tuarascáil don mháistir nuair a fhágfaidh an breathnóir soitheach an Aontais.

CAIBIDIL VI - FORFHEIDHMIÚ

Smachtbhannaí

1. Is cion é mura gcomhlíontar forálacha an Phrótacail seo nó mura gcomhlíontar na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme de chuid na Séiséal a bhaineann le hacmhainní bitheolaíochta na mara a chaomhnú agus a bhainistiú in uiscí na Séiséal, agus beidh sé faoi dhliteanas smachtbhanna i gcomhréir le dlíthe na Séiséal.
2. Cuirfear Ballstát brataí an Aontais agus an tAontas ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi aon smachtbhanna agus faoi gach fíoras ábhartha a bhaineann leis.
3. I gcás ina bhforchuirtear le smachtbhanna go ndéanfar údarú iascaireachta a chur ar fionraí nó a chúlghairm, le linn na tréimhse bailíochta a bheidh fágtha den údarú iascaireachta arna chur ar fionraí nó arna chúlghairm, féadfaidh an tAontas údarú iascaireachta eile a iarraidh, a bheadh infheidhme ar shlí eile, le haghaidh soitheach ó longúinéir eile.

Soithí iascaireachta an Aontais a ghabháil agus a choinneáil

4. Cuirfidh údaráis na Séiséal Toscaireacht an Aontais Eorpaigh agus Ballstát brataí an Aontais ar an eolas láithreach faoi aon soitheach iascaireachta atá ag feidhmiú faoin gComhaontú a ghabhtar agus/nó a choinnítear agus tarchuirfidh siad cóip den tuarascáil ar an iniúchadh, ina sonrú na himthosca agus na cúiseanna leis an ngabháil agus/nó leis an gcoinneáil laistigh de 48 n-uair an chloig.

Nós imeachta chun faisnéis a mhalartú i gcás gabhála agus/nó coinneála

5. Agus urraim á tabhairt do sprioc-amanna agus do nósanna imeachta na n-imeachtaí dlíthiúla dá bhforáiltear le dlíthe na Séiséal maidir le gabháil agus/nó coinneáil, tionólfar cruinniú comhairliúcháin, tar éis dóibh an fhaisnéis thuas a fháil, idir údaráis an Aontais agus údaráis inniúla na Séiséal, cruinniú a ndéanfaidh ionadaí ón mBallstát ábhartha den Aontas freastal air b'fhéidir.
6. Ag an gcruinniú, malartóidh na Páirtithe aon cháipéisíocht nó faisnéis ábhartha le chéile a chabhraíonn le soiléiriú a thabhairt ar imthosca na bhfíoras suite. Cuirfear an longúinéir nó an gníomhaire ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe agus faoi aon bheart a eascraíonn as an ngabháil agus/nó as an gcoinneáil.

Gabháil agus/nó coinneáil a réiteach

7. Déanfar iarracht an sárú toimhdithe a réiteach go cairdiúil. Cuirfear an nós imeachta sin i gcrích tráth nach déanaí ná trí lá oibre tar éis na gabhála agus/nó na coinneála, i gcomhréir le dlíthe na Séiséal.
8. I gcás socraíocht chairdiúil, cinnfear méid na fineála i gcomhréir le dlíthe na Séiséal. Mura féidir socrú cairdiúil den sórt sin a dhéanamh, rachfar ar aghaidh leis an imeacht dlíthiúil.
9. Scaoilfear saor soitheach an Aontais agus urscaoilfear a mháistir nuair a chomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an socrú cairdiúil agus nuair a chuirfear na himeachtaí dlíthiúla i gcrích.
10. Trí bhíthin Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh, cuirfear an tAontas Eorpach ar an eolas maidir le haon imeacht a thionscnofar agus maidir le haon phionós a ghearrfar.

Aguisíní

Aguisín 1 - Foirm Iarratais um Údarú Iascaireachta na Séiséal

Aguisín 2 - Bileog theicniúil le haghaidh shoithí an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sna Séiséil

Aguisín 3 - Formáid na Cumarsáide

Aguisín 4 - Creat-Treoirlínte ERS

Aguisín 5 - Creat VMS

Aguisín 6 - Treoirlínte maidir le Mairnéalaigh na Séiséal a fhostú ar shoithí peaslín saighne an Aontais

Aguisín 1
Foirm Iarratais um Údarú Iascaireachta na Séiséal le haghaidh shoithí iascaireachta agus shoithí soláthair an Aontais

I - IARRATASÓIR

1. Ainm an longúinéara:
2. Ainm na hEagraíochta Táirgeoirí (PO), nó ionadaí longúinéara:
3. Seoladh an PO nó ionadaí an longúinéara:
4. Uimh Theileafóin: Facs: ríomhphost:
5. Ainm an Mháistir: Náisiúntacht: ríomhphost:
6. Longúinéir nó eintiteas cairfhostaíochta murab ionann é agus an méid thuas:

II - SONRAÍ AITHEANTAIS AN tSOITHIGH

1. Ainm an tSoithigh
2. Stát Brataí Calafort clárúcháin:
3. Marcanna Seachtracha: MMSI : Uimh. IMO: Uimh. RFMO:
5. Dáta clárúcháin na brataí reatha (LL/MM/BBBB):/...../..... An Bhrtach Roimhe seo (más infheidhme):
6. An áit ar tógadh an soitheach: Dáta (LL/MM/BBBB):/...../..... IRCS:
7. Minicíocht Glao Raidió: HF: VHF: Uimh. Ghutháin Satailíte an tSoithigh:

III - MIONSONRAÍ TEICNIÚLA AN tSOITHIGH

1. Soitheach LOA (mts): BOA (mts): GT: Glan T:
2. Ábhar Cabhlaigh: Cruach Adhmad Poileistear Eile
3. Cineál Innill: Cumhacht innill (in HP) : Monaróir an Innill:
4. Uaslíon Ball den Chriú: An Líon Mairnéalach ar Bord faoi FPA:
5. Modh caomhnúcháin ar bord: Oighear Cuisniú Measctha Reoite
6. Cumas próiseála in aghaidh an lae (24u) i dTonaí: An líon bolg éisc: Toilleadh iomlán na mBolg Éisc (m3):
7. Cineál Soithigh: Peaslíon saighne Bád spiléireachta Soitheach Tacaíochta (*)
8. VMS. Mionsonraí maidir leis an nGaireas Rianaithe Uathoibríoch:
Monaróir: Múnla:
Sraithuimhir:
- Leagan Bogearraí: Oibreoir Satailíte (MCSP):

IV - GNÍOMHAÍOCHT IASCAIREACHTA

1. Trealamh iascaireachta údaraithe:
.....
2. Limistéir Iascaireachta Údaraithe: Spriocspeiceas:
.....
3. Tréimhse cheadúnais arna hiarraidh ó (LL/MM/BBBB): / / Go: / /
4. Calafort Tabhairt i dTír/Trasloingsithe ainmnithe:

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san iarratas seo fíor agus ceart agus go bhfuilim á tabhairt de mheon macánta.

Dáta: _____, _____ 20__

Síniú an Iarratasóra: _____

(* Ba cheart an liosta de na soithí iascaireachta a fhaigheann tacaíocht ón Soitheach Tacaíochta sin a chur i gceangal leis an bhfoirm sin. Ba cheart ainm agus uimhir IOTC a bheith sa liosta.

Aguisín 2

Bileog theicniúil le haghaidh shoithí an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sna Séiséal

Limistéar iascaireachta:	
Níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbonnlíne, lena n-eisiatar limistéir ina dtoirmisctear iascaireacht a dhéanamh.	
Catagóirí údaraithe:	
Soithí peaslín saighne tuinníní Báid spiléireachta ar fuaidreamh Soithí tacaíochta	
Táillí agus tonnáiste:	
Praghas in aghaidh an tona	<ol style="list-style-type: none"> 1. EUR 80 an tona le haghaidh na chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail; 2. EUR 85 an tona ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail.
Réamhtháille bhliantúil (lena n-áirítear gach muirear náisiúnta agus áitiúil seachas cánacha calafoirt agus muirir sheirbhíse) agus an tonnáiste a chumhdaítear	<ol style="list-style-type: none"> 3. Báid saighneoireachta tuinníní: EUR 56 000 in aghaidh na bliana le haghaidh na chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, a chomhfhreagraíonn do 700 tonna; 4. Báid saighneoireachta tuinníní: EUR 59 500 in aghaidh na bliana ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, a chomhfhreagraíonn do 700 tonna; 5. Soithigh spiléireachta ar fuaidreamh: EUR 7 200 in aghaidh na bliana, le haghaidh na chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, a chomhfhreagraíonn do 90 tonna; 6. Soithigh spiléireachta ar fuaidreamh: EUR 7 650 in aghaidh na bliana, ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail, a chomhfhreagraíonn do 90 tonna;
Táille in aghaidh gach tona breise a ghabhtar	<p>Báid saighneoireachta tuinníní agus soithigh spiléireachta ar fuaidreamh:</p> <ol style="list-style-type: none"> 7. EUR 80 an tona le haghaidh na

	<p>chéad bhliana agus an dara bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail;</p> <p>8. EUR 85 an tona ón tríú go dtí an séú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail.</p>
An líon soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh	<p>- 40 bád saighneoireachta tuinníní</p> <p>- 8 mbád spiléireachta ar fuaidreamh;</p>
Táille údaraithe na soithí tacaíochta	EUR 5 000 an soitheach in aghaidh na bliana
Ranníocaíocht chun an comhshaol a bhainistiú agus breathnóireacht a dhéanamh ar éiceachórais mhuirí	EUR 2,25 in aghaidh an OT (soithí peaslín saighne amháin) in aghaidh na bliana.

Aguisín 3 Formáid na Cumarsáide

Tuarascáil ar Dhul Isteach (COE)¹

Ábhar	Tarchur
Ceann scríbe	SFA
Cód gnímh	COE
Ainm an tSoithigh	
IRCS	
Suíomh an dul isteach	LT/LG
Dáta agus Am (AUL) an dul isteach	LL/MM/BBBB – UU:NN
Cainníocht (Mt) na n-iasc ar bord in aghaidh	
Tuinnín buí (YFT)	(Mt)
Tuinnín	(Mt)
Boiníotó	(Mt)
Eile (Sonraigh)	(Mt)

Tuarascáil ar Fhágáil (COX)²

Ábhar	Tarchur
Ceann scríbe	SFA
Cód gnímh	COX
Ainm an tSoithigh	
IRCS	
Suíomh an dul isteach	LT/LG
Dáta agus Am (AUL) na fágála	LL/MM/BBBB – UU:NN
Cainníocht (Mt) na n-iasc ar bord in aghaidh	
Tuinnín buí (YFT)	(Mt)
Tuinnín	(Mt)
Boiníotó	(Mt)
Eile (Sonraigh)	(Mt)

Formáid le haghaidh Tuairiscíú Gabhála (CAT) nuair atáthar i Limistéir Iascaireachta laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Séiséal³.

Ábhar	Tarchur
Ceann scríbe	SFA
Cód gnímh	CAT
Ainm an tSoithigh	
IRCS	
Dáta agus Am (AUL) na tuarascála	LL/MM/BBBB – UU:NN
Cainníocht (Mt) na n-iasc ar bord in aghaidh	
Tuinnín buí (YFT)	(Mt)
Tuinnín	(Mt)
Boiníotó	(Mt)
Eile (Sonraigh)	(Mt)
An líon tacar a rinneadh ón tuarascáil	(Líon)

Ba cheart na tuarascálacha uile a tharchur chuig údaráis inniúla na Séiséal trí na teagmhálacha seo a leanas:

Ríomhphost: fmesc@sfa.sc

Seoladh poist: Seychelles Fishing Authority, P.O. Box 449, Fishing Port, Mahé, Seychelles

¹ Arna seoladh sé (6) uair an chloig roimh dhul isteach i Limistéir Iascaireachta laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Séiséal.

² Arna seoladh sé (6) uair an chloig tar éis Limistéir Iascaireachta laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Séiséal a fhágáil.

³ Gach trí (3) lá tar éis dul isteach agus fanacht sna Limistéir Iascaireachta laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Séiséal.

Aguisín 4

Cur chun feidhme an chórais leictreonaigh chun gníomhaíochtaí iascaireachta a thairfeadh agus a thuairisciú (ERS)

Forálacha ginearálta

1. Ní mór do shoithí iascaireachta uile an Aontais a bheith feistithe le córas leictreonach, dá ngairtear “córas ERS” anseo feasta, córas lenar féidir sonraí a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta an tsoithigh a thairfeadh agus a tharchur, dá ngairtear “sonraí ERS” anseo feasta, nuair a bhíonn an soitheach ag oibriú i limistéar iascaireachta na Séiséal.
2. Soitheach iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil feistithe le córas ERS, nó nach bhfuil an córas ERS atá suiteáilte ar bord ann ag feidhmiú, ní cheadófar dó dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh.
3. Déanfar sonraí ERS a tharchur i gcomhréir leis na treoirlínte reatha chuig an Lárionad Faireacháin Iascaigh (dá ngairtear “FMC” anseo feasta) de chuid Bhallstát brataí an Aontais, rud a áirítear an soláthar uathoibríoch do FMC na Séiséal.

Cumarsáid ERS

4. Ainmneoidh Ballstát brataí an Aontais agus na Séiséal comhfhreagraí ERS a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála le haghaidh ábhair a bhaineann le cur chun feidhme na bhforálacha seo. Tabharfaidh Ballstát brataí an Aontais agus na Séiséal fógra dá chéile faoi shonraí teagmhála a gcomhfhreagraithe ERS agus, i gcás inarb iomchuí, tabharfaidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta gan mhoill.
5. Déanfaidh soitheach iascaireachta an Aontais sonraí ERS a tharchur chuig a Stát brataí, rud a fhágfaidh go mbeidh siad ar fáil go huathoibríoch do na Séiséal.
6. Is i bhformáid UN/CEFACT a bheidh na sonraí agus tarchuirfear iad trí líonra FLUX arna sholáthar ag an gCoimisiún Eorpach.
7. Mar sin féin, féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le hidirthréimhse, ar lena linn a tharchuirfear na sonraí tríd an Mórbealach Malartaithe Sonraí (DEH) i bhformáid EU-ERS (v 3.1).
8. Déanfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais teachtaireachtaí meandracha a sheoladh ó shoitheach iascaireachta an Aontais (COE, COX, PNO) go huathoibríoch agus gan mhoill chuig FMC na Séiséal.
9. Déanfar cineálacha eile teachtaireachtaí a tharchur go huathoibríoch uair amháin sa lá ón dáta éifeachta a thosaítear ag úsáid fhormáid UN/CEFACT nó, go dtí go ndéanfar sin, cuirfear ar fáil iad, arna iarraidh sin, gan mhoill do FMC na Séiséal agus do FMC Bhallstát brataí an Aontais freisin trí nód lárnach an Choimisiúin Eorpaigh.
10. Amhail ó chur chun feidhme éifeachtach na formáide nua, ní bhainfidh an modh seachadta sin ach le hiarrataí sonracha ar shonraí stairiúla.
11. Deimhneoidh FMC na Séiséal go bhfuair sé sonraí meandracha ERS a cuireadh chuige, trí theachtairacht a sheoladh ar ais lena n-admhaítear go bhfuarthas iad agus lena ndeimhnítear bailíocht na teachtaireachta a fuarthas. Ní sholáthrófar admháil le haghaidh sonraí a gheobhaidh na Séiséal mar fhreagra ar a n-iarraidh. Láimhseálfaidh na Séiséal sonraí ERS go rúnda.

Cliseadh an chórais tarchurtha leictreonaigh ar bord shoitheach iascaireachta an Aontais nó cliseadh an chórais cumarsáide

12. Cuirfidh FMCanna Bhallstát brataí an Aontais agus na Séiséil ar an eolas dá chéile gan mhoill faoi aon teagmhas ar dóigh dó difear a dhéanamh do tharchur shonraí ERS ar shoitheach iascaireachta amháin de chuid an Aontais nó níos mó.
13. Más rud é nach bhfaigheann FMC na Séiséal na sonraí atá le tarchur ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, tabharfaidh sé fógra faoi sin do FMC an Bhallstáit brataí gan mhoill. Déanfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais imscrúdú go pras ar na cúiseanna nach bhfuarthas sonraí ERS agus cuirfidh sé FMC na Séiséal ar an eolas faoi thoradh na n-imscrúduithe sin.
14. I gcás ina dtarlaíonn cliseadh sa tarchur idir soitheach iascaireachta an Aontais agus FMC Bhallstát brataí an Aontais, tabharfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais fógra gan mhoill faoi sin do mháistir nó d'oibreoir shoitheach iascaireachta an Aontais. Tar éis an fógra sin a fháil, déanfaidh an máistir ar shoitheach iascaireachta an Aontais na sonraí atá ar iarraidh a tharchur chuig údaráis inniúla Bhallstát brataí an Aontais trí aon mhodh teileachumarsáide iomchuí gach lá, tráth nach déanaí ná 00:00.
15. I gcás ina gclisfidh ar an gcóras tarchurtha leictreonaigh atá suiteáilte ar bord shoitheach iascaireachta an Aontais, áiríteoidh máistir nó oibreoir an tsoithigh go ndéanfar an ERS a dheisiú nó a athsholáthar laistigh de dheich (10) lá tar éis an cliseadh a bhrath. Nuair a bheidh an sprioc-am sin caite, ní bheidh soitheach iascaireachta an Aontais údaraithe a thuilleadh chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal agus fágfaidh sé calafort de chuid na Séiséal nó rachaidh sé isteach chuig calafort díobh laistigh de cheithre uair an chloig is fiche (24). Ní cheadófar do shoitheach iascaireachta an Aontais an calafort sin a fhágáil ná filleadh ar limistéar iascaireachta na Séiséal go dtí go mbeidh sé deimhnithe ag FMC a Stáit brataí go bhfuil an córas ERS ag feidhmiú i gceart arís.
16. Má theipeann ar údaráis na Séiséal sonraí ERS a fháil mar gheall ar chliseadh na gcóras leictreonach faoi mhaoirseacht an Aontais nó na Séiséal, déanfaidh an Páirtí i gceist beart pras chun an fhadhb a réiteach go mear. Tabharfar fógra don Pháirtí eile nuair a bheidh an fhadhb réitithe.
17. Gach 24 uair an chloig, seolfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais sonraí uile ERS a fuair sé ón tarchur deireanach chuig FMC na Séiséal, agus úsáid á baint as aon mhodh cumarsáide leictreonach atá ar fáil. Féadfar an nós imeachta céanna a chur i bhfeidhm arna iarraidh sin do FMC na Séiséal i gcás oibríochtaí cothabhála a mhairfidh níos mó ná ceithre uair an chloig is fiche (24) agus a dhéanfaidh difear do na córais faoi mhaoirseacht an Aontais. I gcás den sórt sin ní mheasfar gur sháraigh soithí iascaireachta an Aontais a n-oibleagáid a gcuid sonraí ERS a tharchur. Áiríteoidh FMC Bhallstát brataí an Aontais go ndéanfar na sonraí atá ar iarraidh a iontráil sa bhunachar sonraí leictreonach a choimeádann sé i gcomhréir le Caibidil III, Roinn 2, pointe 6.

Modhanna cumarsáide eile

18. Tabharfar fógra faoi sheoladh ríomhphoist FMC na Séiséal a bheidh le húsáid i gcás cliseadh i gcumarsáid ERS/VMS sula dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm.
19. Úsáidfear é le haghaidh:
 - fógraí maidir le dul isteach/imeacht agus gabhálacha ar bord ag dul isteach agus ag imeacht dóibh;
 - fógraí maidir le tabhairt i dtír agus trasloingsiú agus maidir le gabhálacha arna dtrasloingsiú, arna dtabhairt i dtír nó arna gcoinneáil ar bord;
 - cumarsáid shealadach, ionadaí ERS agus VMS i gcás cliseadh.

Aguisín 5 ***Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)***

Teachtaireachtaí maidir le suíomh an tsoithigh

1. Is leis an gcód ‘ENT’ a shainithneofar céad-suíomh shoitheach iascaireachta an Aontais arna thairneadh tar éis dó dul isteach i limistéar iascaireachta na Séiséal. Sainithneofar gach suíomh ina dhiaidh sin leis an gcód ‘POS’, cé is moite den chéad-suíomh arna thairneadh tar éis limistéar iascaireachta na Séiséal a fhágáil, suíomh a shainithneofar leis an gcód ‘EXI’.
2. Áiritheoidh FMC Bhallstát brataí an Aontais go ndéanfar na teachtaireachtaí maidir le suíomh shoithí iascaireachta an Aontais a phróiseáil go huathoibríoch agus, más gá, go ndéanfar iad a tharchur go leictreonach. Is ar bhealach slán a thairneadh na teachtaireachtaí maidir le suíomh shoithí iascaireachta an Aontais agus coimeádfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais iad ar feadh tréimhse trí (3) bliana.

Tarchur arna dhéanamh ag soitheach iascaireachta an Aontais i gcás cliseadh sa Ghléas Rianaithe Soithí (VTD)

3. Déanfaidh an máistir ar shoitheach iascaireachta an Aontais a áirithiú i gcónaí go bhfuil VTD a shoithigh ag oibriú go hiomlán agus go ndéanfar na teachtaireachtaí maidir le suíomh a tharchur i gceart chuig FMC Bhallstát brataí an Aontais.
4. I gcás cliseadh, déanfar VTD shoitheach iascaireachta an Aontais a dheisiú nó a athsholáthar laistigh de 30 lá. Mura ndéanfar VTD a dheisiú nó a athsholáthar laistigh de 30 lá ní bheidh soitheach iascaireachta an Aontais údaraithe a thuilleadh chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal.
5. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn i mbun iascaireachta i limistéar iascaireachta na Séiséal agus a bhfuil VTD lochtach acu, déanfaidh siad a dteachtairachtaí maidir le suíomh a sheoladh trí ríomhphost, raidió nó facs chuig FMC Bhallstát brataí an Aontais gach ceithre uair an chloig ar a laghad, agus soláthróidh siad an fhaisnéis éigeantach uile.

Teachtairachtaí maidir le suíomh a chur in iúl go slán do na Séiséil

6. Déanfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais teachtaireachtaí maidir le suíomh shoithí iascaireachta an Aontais lena mbaineann a sheoladh go huathoibríoch chuig FMC na Séiséal. Malartóidh FMC Bhallstát brataí an Aontais agus FMC na Séiséal a seoltaí ríomhphoist le chéile agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas faoi aon athrú ar na seoltaí sin.
7. Is go leictreonach agus trí úsáid a bhaint as córas cumarsáide slán a dhéanfar teachtaireachtaí maidir le suíomh a tharchur idir FMCanna Bhallstát brataí an Aontais agus FMC na Séiséal.
8. Cuirfidh FMC na Séiséal in iúl do FMC an Bhallstáit brataí agus don Aontas faoi aon chur isteach ar theachtairachtaí i ndiaidh a chéile maidir le suíomh a fháil ó shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige, mura mbeidh fógra tugtha ag an soitheach lena mbaineann maidir lena imeacht ó limistéar iascaireachta na Séiséal.

Mífheidhmiú an chórais cumarsáide

9. Áiritheoidh FMC na Séiséal comhoiriúnacht a threallaimh leictreonaigh le córas FMC Bhallstát brataí an Aontais agus cuirfidh sé an tAontas ar an eolas láithreach faoi aon mhífheidhm a bhaineann le teachtaireachtaí maidir le suíomh a sheoladh agus a

ghlacadh d'fhonn teacht ar réiteach teicniúil a luaite is féidir. Déileálfaidh an Comhchoiste le haon díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

- Beidh an máistir ar shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais faoi dhliteanas má fhaightear amach go ndearnadh crioscaíl ar VTD a shoithigh chun cur isteach ar a oibríocht nó chun a theachtaireachtaí maidir le suíomh a fhalsú. Beidh aon sárú faoi réir na bpiónós dá bhforáiltear faoi dhlíthe na Séiséal.

Athbhreithniú ar mhinicíocht na dteachtaireachtaí maidir le suíomh

- Ar bhonn fianaise dhoiciméadach ar shárú, féadfaidh FMC na Séiséal a iarraidh ar FMC Bhallstát brataí an Aontais, agus cuirfidh sé cóip chuig an Aontas, an t-eatramh chun teachtaireachtaí maidir le suíomh a sheoladh ó shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais a laghdú go gach 30 nóiméad ar feadh tréimhse imscrúdaithe shocraithe. Seolfaidh FMC na Séiséal an fhianaise dhoiciméadach sin chuig FMC Bhallstát brataí an Aontais agus chuig an Aontas. Déanfaidh FMC Bhallstát brataí an Aontais teachtaireachtaí maidir le suíomh a sheoladh láithreach chuig FMC na Séiséal ag an minicíocht nua.
- Ag deireadh na tréimhse imscrúdaithe socraithe, cuirfidh FMC na Séiséal in iúl do FMC Bhallstát brataí an Aontais agus don Aontas faoi aon ghníomh leantach a bhfuil gá leis.

Teachtaireachtaí VMS a sheoladh chuig na Séiséal

- Is leis an gcód 'ER' arna leanúint le slais dhúbailte (//) a léirítear deireadh na teachtaireachta.

Sonraí	Cód	Éigeantach/ roghnach	Ábhar
Tús an taifeadta	SR	M	Sonraí córais lena n-áirítear tús an taifeadta
Seolaí	AD	M	Mionsonraí teachtaireachta - Cód tíre alfa-3 an tseolaí (ISO-3166)
Ó	FR	M	Mionsonraí teachtaireachta - Cód tíre alfa-3 an tseoltóra (ISO-3166)
Stát Brataí	FS	M	Mionsonraí teachtaireachta - Cód alfa-3 an Bhallstáit brataí (ISO-3166)
Cineál teachtaireachta	TM	M	Sonraí Teachtaireachta - Cineál teachtaireachta (ENT, POS, EXI, MAN)
Glaio-chomhartha raidió (IRCS)	RC	M	Mionsonraí an tsoithigh - glaio-chomhartha idirnáisiúnta raidió an tsoithigh (IRCS)
Uimhir thagartha inmheánach an pháirtí chonarthaigh	IR	M	Sonraí an tsoithigh - Uimhir uathúil an pháirtí chonarthaigh Cód Alfa-3 (ISO-3166) agus uimhir ina dhiaidh sin
Cláruimhir sheachtrach	XR	M	Mionsonraí an tsoithigh - Uimhir ar thaobh an tsoithigh (ISO 8859.1)

Domhanleithead	LT	M	Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh - Suíomh i gcéimeanna agus i gcéimeanna deachúlacha N / S DD.ddd (WGS84)
Domhanfhad	LG	M	Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh - Suíomh i gcéimeanna agus i gcéimeanna deachúlacha E/W DD.ddd (WGS84)
Cúrsa	OC	M	Scála 360 ° chúrsa an tsoithigh
Luas	SP	M	Luas an tsoithigh i ndeichithe de mhuirmhílte
Dáta	DA	M	Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh - Dáta taifeadta shuíomh AUL (BBBBMMLL)
Am	TI	M	Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh - Am taifeadta shuíomh AUL (UUMM)
Deireadh an taifeadta	ER	M	Mionsonraí córais lena léirítear deireadh an taifeadta

14. I bhformáid NAF, déanfar gach tarchur sonraí a struchtúru mar seo a leanas:
- Leis na carachtair a úsáidtear, comhlíonfar ISO 8859.1. Is le slais dhúbailte (//) agus leis na carachtair ‘SR’ a léirítear tús na teachtaireachta.
 - Déanfar gach eilimint sonraí a shainaithint lena cód agus deighlfear ó na heilimintí sonraí eile í le slais dhúbailte (//).
 - Déanfar an cód allamuigh agus na sonraí a dheighilt le slais shingil (/).
15. Sula gcuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, sonrúidh na Séiséal an mbeidh sonraí VMS le tarchur trí FLUX TL nó i bhformáid UN/CEFACT.

Aguisín 6

Treoirlínte maidir le Mairnéalaigh na Séiséal a fhostú ar shoithí peaslín saighne an Aontais

Áiritheoidh údaráis na Séiséal go ndéanfaidh mairnéalaigh na Séiséal a fhostaítear chun bheith ag obair ar shoithí peaslín saighne an Aontais na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh

- (a) Is 18 mbliana d'aois an aois íosta a bheidh ag na mairnéalaigh;
- (b) Beidh deimhniú leighis bailí ag mairnéalaigh lena ndeimhnítear go bhfuil siad feidhmiúil ó thaobh leighis de chun na dualgais atá le comhlíonadh acu ar muir a chomhlíonadh. Eiseoidh liachleachtóir cuícháilithe an deimhniú sin;
- (c) Beidh ag mairnéalaigh na vacsaíní bailí a theastaíonn chun críoch sláinte réamhchúraim sa réigiún;
- (d) Beidh mairnéalaigh cáilithe de réir an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire (STCW) chun bunoilúint sábháilteachta ar nós na nithe seo a leanas a dheimhniú *inter alia*;
 - teicnící marthanais pearsanta agus sábháilteacht phearsanta;
 - comhrac dóiteáin agus cosc dóiteáin;
 - garchabhair bhunúsach, srl.
- (e) Ba cheart na scileanna agus an taithí is gá a bheith ag mairnéalaigh, arna ndeimhniú ag údarás inniúil ábhartha na Séiséal, chun oibriú ar shoithí peaslín saighne, agus ba cheart dóibh go háirithe a bheith feasach ar na contúirtí a bhaineann le hoibríochtaí iascaireachta agus a bheith eolach ar úsáid an trealaimh iascaireachta.